Tuarascáil Bhliantúil **2015**

TG4



TG4 Tuarascáil Bhliantúil 2015

Misean, Fís agus Croíluachanna	3
Gealltanais TG4 do 2015	5
Buaicphointí Feidhmíochta TG4 sa bhliain 2015	9
Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile	21
Tuarascáil an Chathaoirligh	22
Tuarascáil an Ardstiúrthóra	25
Rialachas Corparáideach	29
Athbhreithniú Airgeadais 2015	30
Ráitis Airgeadais	31-51

cara pharmacy

Misean, Fís agus Croíluachanna

Cuireann TG4 roimhe "seirbhís mhealltach teilifíse agus ábhar nuálach Gaeilge a chur ar fáil lena ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht agus ar shaoithiúlacht na hÉireann — teanga, cultúr, ceol agus spórt — agus iad curtha i láthair go tarraingteach d'fhonn caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain".

Is í an fhís atá ag TG4 "an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn chun áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear".

Tá achoimre ar fhís agus ar mhisean TG4 le fáil i mana TG4, "súil eile", ar mana é a thugann aitheantas don ghá le cláir ardchaighdeáin a choimisiúnú/fháil agus a chraoladh, is é sin le rá, cláir atá in ann a bheith san iomaíocht le haghaidh leibhéal ard lucht féachana agus atá in ann na leibhéil arda sin a bhaint amach agus a choimeád ar bun.

Téann luachanna TG4 i gcion ar an tslí ina mbainfear an straitéis sin amach agus ar an stíl ar a oibríonn sí agus, tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcroílar shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go ndéanfaidh gach fostaí de chuid TG4 na luachanna sin a úsáid mar threoirphrionsabail trína stiúrfar a n-iompraíocht le linn dóibh a bheith ag obair.

Croíluachanna TG4

Ceangal:

- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Caighdeán agus Luach ar Airgead:

- Sceideal clár ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

Cruthaitheacht:

- A bheith cruthaitheach maidir leis an aschur agus maidir le gach ní a dhéanaimid.
- Leanúint de chláir nuálacha uathúla a chur ar fáil.

Réamhghníomhach:

- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.

"TG4 is to Irish broadcasting what BBC Radio 4 is to the UK".

Dave O'Connell, Editor
Connacht Tribune

Gealltanais Feidhmíochta do 2015

I dtaca leis an mbliain 2015, chuir TG4 16 gealltanas chun cinn maidir le cúig théama mar a leanas:

- **i** An lucht féachana – tionchar agus an líon daoine atá ann
- **ii** Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht
- **iii** An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt
- **iv** Trédhearcacht agus éifeachtúlacht
- **v** Iontaoibh agus dea-rialachas

(i) An lucht féachana – tionchar agus an líon daoine atá ann

Déanfaidh TG4 i rith na bliana 2015:

1. Treisiú le dul i gcion TG4 ar gach dream den lucht féachana.
2. Forfheabhsú maidir leis an ábhar agus na seirbhísí ar líne ionas go dtugtar caidreamh ar leibhéil níos airde i gcrích idir TG4 agus an lucht féachana trí sheirbhís an tSeinnteora, na seirbhísí gréasáin agus na seirbhísí ar ghléasra so-iompair.
3. Treisiú leis an gcaidreamh idir TG4 agus dreamanna níos óige sa lucht féachana — forbairt bhreise a thabhairt ar an sceideal agus ar na seirbhísí ábhair d'fhonn sciar níos líonmhaire de lucht féachana na ndaoine óga a tharraingt chuig TG4.
4. Cur leis an teacht atá ag daoine den lucht féachana atá faoi mhíchumas fisiceach, céadfach nó intleachta ar TG4.

(ii) Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht

5. Leanacht den fhairsingiú ar an sceideal craoltóireachta Gaeilge agus ábhar nach féidir a chailleadh á chur ar fáil do dhreamanna uile an lucht féachana.
6. Cinntiú go gcuirtear an scoth den chruthaitheacht in Éirinn ar fáil do lucht féachana TG4 agus bearta a dhéanamh a chinntíonn go mbíonn an chruthaitheacht agus an nuáil mar bhonn daingean faoi sheirbhísí TG4.
7. Infheistíocht i dteicneolaíocht an ábhair agus i gcórais a chuirfidh le seirbhísí TG4 agus leis an teacht atá orthu ag an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain.

(iii) An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt

8. Forbairt bhreise a thabhairt ar sheirbhís Ghaeilge TG4 ar fud an domhain d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar shaoithiúlacht na hÉireann agus iad a chur chun cinn.

"You just cannot imagine any other channel making it, which is why TG4 is so important."

Pat Stacey,
The Herald

9. Leanúint den tionchar chun tairbhe maidir le heolas ar an nGaeilge agus ar an gcultúr agus leis an bhforbairt ina leith.
10. Tograí faoi leith a thabhairt i gcrích a chuidíonn leis an Rialtas an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2010 – 2030) a thabhairt i gcrích.
11. Leanúint den mhéadú ar infheistíocht TG4 in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge trí chur chuige an fhoilsitheora/craoltóra. Á dhéanamh sin dúinn, cur le hacmhainn na hÉireann in earnálacha cruth-aitheachta atá bunaithe ar an eolas agus cion mór tairbhe a dhéanamh maidir le poist agus tuilleamh in eacnamaíocht na hÉireann.

(iv) Follasacht agus Éifeachtúlacht

12. Ar a laghad 70% de na cistí poiblí a fhaigheann TG4 a chaitheamh ar ábhar Gaeilge agus na cistí poiblí a úsáid ar mhaithe leis na haidhmeanna agus na dualgais seirbhíse poiblí amháin.



"TG4 has built a cracking repertoire of comedy over the years."

Susan Griffin
& Darragh McManus
Irish Independent

13. Leanacht den bharainneacht, den luach is fearr ar airgead TG4 a bhaint amach.
14. Cur leis an teacht isteach tráchtála agus deiseanna nua sa réimse tráchtála a thabhairt chun cinn do TG4.

(v) Iontaoibh agus Dea-Rialachas

15. Córais rialachais agus tuairiscíochta den sárchleachtas a choinneáil ar bun.
16. Na dualgais seirbhíse poiblí agus na ceanglais faoin reachtaíocht a chomhlíonadh agus na cóid agus rialacháin craolacháin ar fad a shásamh.

Buaicphointí tábhachtacha maidir le feidhmíocht TG4 i rith na bliana 2015

Toradh an tSaothair i gcomparáid leis na Spriocanna

Ainneoin deacrachtaí suntasacha ó thaobh cúrsaí straitéise agus cúrsaí feidhmiúcháin a bheith roimh TG4 i rith na bliana 2015, comhlíonadh go hiomlán 12 as 16 de ghealltanais na bliana 2015. Bhí ceann a rabhthas an-ghar dá chomhlíonadh agus cuireadh i gcrích cuid mhór dá raibh leagtha amach i gcás na trí cinn eile. Anuas air sin, sáraíodh an sprioc a bhí leagtha síos i ndáil le ceithre cinn de ghealltanais TG4 ar féidir tomhas díreach a dhéanamh ina leith maidir leis an lucht féachana agus cúrsaí airgid. Ba mhaith an toradh sin ar obair a rinneadh i dtimpeallacht feidhmiúcháin a bhí deacair.

Is iomaí dúshlán a tháinig i gceist. Tá méadú tagtha ar líon na gcraoltóirí (craoltóirí de chuid na hÉireann agus craoltóirí idirnáisiúnta) agus na seirbhísí ábhair nach foláir do TG4 dul in iomaíocht leo chun lucht féachana a mhealladh. Tá na hardáin d'ábhar ar an idirlíon agus ar dheiseanna so-iompair ina gcuid bhunúsach den chiseán seirbhísí ag gach craoltóir faoin tráth seo agus ní mór do TG4 seirbhís craoltóireachta líneach den seanchineál a choinneáil ar bun freisin, chomh maith le seirbhísí ar a n-éileamh, ar an idirlíon agus ar dheiseanna so-iompair. Tá dreamanna éagsúla den lucht féachana níos scoilte agus níos idirdhealaithe faoi seo agus gá le réimse níos leithne agus éagsúlacht níos fairsinge ó thaobh seirbhísí lena n-éilíonn siad a chur ar fáil dóibh. Tá géarú ar an iomaíocht maidir leis na cearta ar chláir teilifíse agus ar imeachtaí móra spóirt agus níl acmhainn ceannacháin TG4 chomh tréan is a bhíodh. Tá laghdú beagnach €6m ón mbliain 2009 i leith ar chiste reatha TG4 agus íslíodh arís sa bhliain 2015 é, faoi €510k, laghdú 1% i gcomórtas le 2014. Anuas air sin, tá ról ar leithligh a leagtar ar TG4 maidir le freastal ar lucht féachana na Gaeilge, ról faoi leith nach leagtar a chúram faoin reachtaíocht ar aon chraoltóir eile i margadh craoltóireachta na hÉireann.

An Lucht Féachana: Tionchar agus Dul i gCion

Fios Físe an modh a úsáidtear chun a mhéid a théann TG4 i gcion ar an lucht féachana Gaeilge a thomhas. Painéal lucht féachana atá ann atá neamhspleách agus follasach. Déantar monatóireacht agus tomhas ar a mhéid a théann TG4 i bhfeidhm ar dhreamanna den lucht féachana Gaeilge ar fud oileán na hÉireann[1]. B'ionann cion TG4 de lucht féachana na Gaeilge gach seachtain i rith na bliana 2015 agus 92%. Bhí sin 2.2% chun tosaigh ar an sprioc agus inchomórtais go maith leis an sciar 93% gach seachtain i rith na bliana 2014. Cé gur tharla ísliú beag bídeach 1%, bheifí ag súil lena leithéid sin de réir mar a shocraíonn an córas nua tomhais agus a tharlódh ídiú nádúrtha de réir mar a théann an córas tomhais chun rialtachta. Déanann *Fios Físe* leibhéil sástachta a thaifead chomh maith. Ghnóthaigh TG4 ráta sástachta 7.9 as 10 i measc lucht féachana na Gaeilge i rith na bliana 2015. 7.5 an sprioc a bhí leagtha amach don bhliain 2015 agus sáraíodh an sprioc sin de 5.3%.

Tá an-iomaíocht i margadh na craoltóireachta san am i láthair. Tá níos mó ná 60 cainéal teilifíse náisiúnta agus idirnáisiúnta ag tuilleamh ioncam fógraíochta ar

> *"This is how you take a shoestring drama budget and spin it into gold thread."*
>
> Pat Stacey
> *The Herald*

[1] I gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a dhéantar seo. Tá an córas, atá á rith ó 1993, bunaithe ar an bpainéal lucht féachana atá in Albain ag BBC Alba.

mhargadh na hÉireann. Ina ainneoin sin, rinne TG4 dul chun cinn go raibh ar an 7ú cainéal ba mhó lucht féachana sa bhliain 2014 agus coinníodh an t-ionad sin sa bhliain 2015. Tá 19 den 30 cainéal is mó lucht féachana i margadh na hÉireann ar lú ná 1% an sciar den lucht féachana atá acu — níl ach 9 gcainéal den 30 sin le sciar >1% den lucht féachana, TG4 ina measc. TAM Ireland a dhéanann sciar TG4, mar a chéile leis na craoltóirí eile, a thomhas. B'ionann sciar TG4 den lucht féachana, arna mheas go líneach, agus 1.7% sa bhliain 2015. Ní thugtar san áireamh leis an tomhas sin ar an sciar an méid a bhreathnaítear ábhar TG4 ar ardáin dhigiteacha eile (i.e. Seinnteoir TG4) ná roinnt den bhreathnú a dhéantar ar atráth. Ní thugtar san áireamh ach oiread sciar TG4 den lucht féachana i dTuaisceart Éireann ná an sciar i dtithe ósta agus i gclubanna i bPoblacht na hÉireann. Tá an toradh ar shaothar TG4 maidir le sciar den lucht féachana an-mhaith freisin i gcomparáid le cainéil teilifíse mion-teangacha dúchais eile.

Tharraing TG4 meánsciar laethúil 11% (bhí beagnach 452k den lucht féachana a d'fhéach ar an gcainéal gach lá). B'ionann an sciar seachtainiúil agus 36% le 1.46 milliún duine a d'fhéach ar TG4 gach seachtain i rith na bliana. Ba mhaith an toradh sin i margadh atá níos géire i gcónaí ó thaobh na hiomaíochta. Ina ainneoin sin, is laghdú é ar leibhéil na bliana 2014. Tháinig laghdú 8% ar an sciar laethúil agus laghdú 2.7% ar an sciar seachtainiúil mar gheall ar an iomaíocht níos géire. Tharla ísliú ar an meánsciar laethúil i gcás gach ceann de na príomhchainéil in Éirinn seachas Setanta Ireland agus Channel 4 Ireland, e.g., tháinig ísliú 13.3% ar an meánsciar laethúil ag TV3, beagnach 9% ag RTÉ2 agus 2.5% ag RTÉ One. Ísliú 6.8%

a tharla i gcás TG4. Is maith a cruthaíodh i margadh inar géire an iomaíocht gach bliain ná an bhliain roimh ré.

Maidir leis an bhféachaint a tugadh ar ábhar TG4 trí sheirbhís an tSeinnteora i rith na bliana 2015, tháinig ardú 3.3% go dtí 334,000 ar líon na n-uaireanta an chloig. Chruthaigh an Seinnteoir go maith agus ceanglaíodh 1.526m sruth le cláir, ardú 13.2%.

> *"TG4, the most innovative broadcaster in the State which has used its precarious financial position as a strength."*
>
> Ian O'Doherty
> *Irish Independent*

Tháinig laghdú 13.5%, go dtí 1.577m, ar líon na ndaoine faoi leith a cheangail leis an Suíomh Gréasáin. Tháinig laghdú freisin ar líon na leathanach a ceadaíodh go dtí 9.79m — ísliú beagnach 30%. Os a choinne sin, tháinig athrú ar mhodh tomhaiste TG4 maidir le húsáid an tSuímh Gréasáin sa bhliain 2014 agus ní sonraí inchomparáide go díreach a cheaptar leis an gcóras nua a léiríonn leibhéil caidrimh "níos ísle". Tá TG4, áfach, ag cur ábhar físeáin chun tosaigh maidir leis an dearadh nua agus tá cumasc tugtha i gcrích maidir leis an Seinnteoir agus an Suíomh Gréasáin. Cé gur íslíodh, ar dtús, líon na leathanach a ceadaíodh dá bharr sin (mar is léir ar thorthaí na bliana 2015), ba cheart do dtiocfadh athrú ar an bpátrún sin de réir mar is furasta a bhíonn sé ag an lucht úsáide ábhar a thapú. Bhí toradh na straitéise seo ag le feiceáil den chéad uair cheana féin ó na sonraí faoin lucht féachana míosúil i ndeireadh na bliana 2015. Tá Suíomh Gréasáin TG4 ar bharr an liosta i gcónaí[2] maidir le Suíomh Gréasáin Gaeilge ar fud an domhain uilig .

Chruthaigh Aipeanna TG4 go maith agus íoslódáladh 113,303 Aip i rith na bliana 2015.

Ó tharla an t-athrú go dtí an córas digiteach, tá TG4 ar fáil anois ag timpeall is 94% den phobal i dTuaisceart Éireann (trí sceitheadh comharthaí agus trí chraoladh digiteach). Deirtear san Ofcom *Communications Market Report: Northern Ireland*[3] a foilsíodh i mí Lúnasa 2015, go ndéanann 3% de na daoine a cuireadh faoi shuirbhé i dTuaisceart Éireann féachaint ar TG4 gach lá, 12% ar a laghad uair sa tseachtain agus 6% ar a laghad uair sa mhí. Tá sin go maith i gcomparáid le figiúirí na bliana roimh ré, 3%, 8% agus 8% faoi seach. Ní thugtar san áireamh leis na sonraí seo figiúirí maidir le leanaí a bhreathnaíonn ar TG4, réimse sonraí nach dtagann i gceist le hábhar Ofcom.

[2] Rangú domhanda Alexa.
[3] *Ofcom Communications Market Report: Northern Ireland*, Lúnasa 2015.

Ábhar Sainiúil ar Ardchaighdeán

Bhí TG4 tugtha, i rith na bliana 2015, do leathnú ar an sceideal craoltóireachta Gaeilge ionas go gcuirfí ábhar téagartha "a chaitear a fheiceáil" ar fáil do gach dream den lucht féachana, agus baineadh na spriocanna ar fad amach. Cuireadh 1,751.5 uair an chloig ar fad d'ábhar nua/bunúsach Gaeilge amach ar TG4 — 4.8 uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán. Tá sin go maith i gcomparáid le sprioc TG4 4.61 uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán agus 1,684 uair an chloig d'ábhar nua Gaeilge (sáraíodh an sprioc faoi 4%). Os a choinne sin, mar gheall ar an maoiniú reatha a ísliú i rith na bliana 2015, tháinig laghdú 3.8% ar líon na n-uaireanta an chloig Gaeilge ar TG4 i gcomórtas le 2014. Cé go bhfuil ísliú costais tugtha i gcrích i ngach cuid den obair ag TG4, níor tharla, anuas go dtí dhá bhliain ó shin, aon ísliú caighdeáin ná cúngú ar éagsúlacht an ábhair, a mbronntar gradaim air, a chuireann TG4 ar fáil. Ina ainneoin sin, mar gheall ar easpa acmhainní airgid, bhí ar TG4, sa bhliain 2014 den chéad uair agus arís sa bhliain 2015, líon na n-uaireanta an chloig d'ábhar nua Gaeilge agus de chláir nua Gaeilge ar coimisiún a laghdú.

B'ionann líon na n-uaireanta craolacháin Gaeilge (an chéad chraoladh agus athchraoladh) ar TG4 agus 5,021 uair — 57.3% d'iomlán na n-uaireanta craolacháin. Sáraíodh an sprioc (5,021 uair an chloig i gcomórtas leis an sprioc 4,956) maidir le líon na n-uaireanta craolacháin Gaeilge. Bhí laghdú i gceist i gcomparáid leis na blianta roimhe sin nuair a d'éirigh le TG4 leibhéal 59% a bhaint amach; ísliú ar na cistí airgid, agus ar líon na gclár nua Gaeilge, ba chúis leis sin.

Chomh maith le cur le líon na gclár Gaeilge nua/bunúsach, is í aidhm ag TG4 infheistíocht a dhéanamh sa chroísceideal Gaeilge ionas go dtarlóidh, go fadtéarmach, croísceideal 40 uair an chloig á chur ar fáil. Rinne TG4 dul chun cinn suntasach ina leith sin i rith na bliana 2014 nuair a cuireadh 5.3 uair an chloig sa lá ar an meán d'ábhar nua Gaeilge ar fáil ar feadh croísceideal 34 seachtaine agus meánlíon 4.4 uair an chloig in aghaidh an lae d'ábhar nua Gaeilge an chuid eile den bhliain. Coinníodh an croísceideal 34 seachtaine i rith na bliana 2015 ach d'ísligh líon na n-uaireanta an chloig nua/bunúsacha Gaeilge i rith an chroísceidil sin ó 5.3 uair an chloig sa ló ar an meán go dtí 5.25 uair an chloig. Bhí sin chun tosaigh ar an sprioc de 5 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh 34 seachtaine a leagadh síos don bhliain 2015 ach níl an laghdú ar líon na n-uaireanta an chloig de chroísceideal Gaeilge ag teacht le straitéis TG4 méadú ar mheánlíon laethúil na n-uaireanta an chloig d'ábhar cláir nua/bunúsach Gaeilge agus leathnú ar an gcroísceideal Gaeilge. Ní mór beart a dhéanamh ina leith sin más le TG4 sceideal craoltóireachta téagartha Gaeilge a chur ar fáil ionas go gcothaítear an lucht féachana reatha agus go gcuirtear leis.

Chuir líon mór de chláir siamsúla ardchaighdeáin i nGaeilge le sceideal craoltóireachta TG4. Ba í an bhliain 2015 an 17ú bliain ag *Gradaim Ceoil TG4* meas agus onóir a léiriú don chuid is fearr den cheol traidisiúnta. Craoladh an searmanas bronnta beo as an Áras Ceoldrámaíochta i gCorcaigh. Léiríodh lón drámaíochta den scoth a craoladh ar TG4 i rith na bliana, mar shampla *An Klondike*, an chéad chlár Western a léiríodh in Éirinn. Lean TG4 den phríomhshraith sobaldrámaíochta *Ros na Rún* a chraoladh, an fichiú séasúr. Ábhar mórtais do TG4 gur cuidíodh ó thús na beartaíochta, in éineacht leis an Údarás Craolacháin agus le Bord Scannán na hÉireann, leis an leagan Gaeilge den ghnéscannán anamúlachta *Song of the Sea* a ainmníodh do ghradam Oscar. Cuireadh *Amhrán na Mara*, an leagan Gaeilge, ar taispeáint i bpictiúrlanna éagsúla ar fud na hÉireann i rith an tsamhraidh 2015 agus beidh sé á chraoladh ar TG4 i rith na bliana 2016.

Bhí cúrsaí spóirt go mór chun tosaigh arís i sceideal craoltóireachta TG4 i rith na bliana 2015. Chomh maith le *GAA Beo* (Na Clubanna, an tSraith, Faoi-21, Mionúir, Peil

> *"For a small budget station, TG4 delivers more than its share of new series."*
>
> Bernice Harrison
> *Irish Times*

na mBan), chraol TG4 *Rugbaí Pro 12*, *EPCR Rugby Highlights*, *Rásaí Lios Tuathail*, *Tour de France*, *Vuelta* agus babhtaí dornálaíochta beo i rith na bliana. Lean TG4 freisin le *Seó Spóirt*, an clár stiúideo deireadh seachtaine ar a mbreathnaítear chun cinn ar chluichí Chumann Lúthchleas Gael agus ar chluichí rugbaí le hábhar anailíse ó imreoirí aitheanta, ó bhainisteoirí agus ó thráchtairí chomh maith le hagallaimh as gach cuid den tír.

Chuir réimse leathan de chláir faisnéise Gaeilge le sceideal craoltóireachta TG4 i rith na bliana 2015. Craoladh cláir faisnéise aonair de leithéid *Bliain in Acaill*, *An Náisiún* agus *GAA USA* chomh maith le sraitheanna rialta de leithéid *Fíorscéal*, inar craoladh séasúr nua de chláir faisnéise ardchaighdeáin ón iasacht faoi cheisteanna timpeallachta, polaitíochta agus sóisialta. Craoladh *Dúiche* freisin agus bhí meascán de scéalta tromchúiseacha agus de scéalta lán eolais as gach áit ar fud oileán na hÉireann i ngach eagrán den irischlár siamsúil seo.

Maidir le cláir eile, bhí *Imeall*, príomhshraith ealaíne TG4 ar ais don 7ú séasúr, ag cur síos ar chúrsaí cultúir agus ar na healaíontóirí is mó le rá ar fud na hÉireann. Bhí *Nuacht TG4*, an clár nuachta i lár an tráthnóna, ina bhunchloch faoi sceideal craoltóireachta an lae arís. Cuireadh leis an anailís ar chúrsaí nuachta leis an bplé níos mine ar an gclár seachtainiúil cúrsaí reatha *7 Lá*. Lean TG4 freisin den bhéim ar sceideal cuimsitheach teilifíse de chláir teilifíse i nGaeilge do leanaí a chraoladh agus ar an nuáil maidir le rogha leathan a chur ar fáil don chuid sin den lucht féachana, mar a phléitear thíos.

Ba bhliain mhór arís 2015 maidir le gradaim agus ainmniúcháin. Bronnadh 89 gradam agus ainmniúchán in iomláine ar TG4 i rith na bliana, 65 acu maidir le cláir agus



ábhar cláir, 13 maidir le láithreoirí/pearsana de chuid TG4 agus 11 arbh gradaim/ainmniúcháin margaíochta iad (bhain 3 cinn acu sin le hAipeanna Gaeilge TG4). Is léiriú na gradaim agus na hainmniúcháin ar an ardchaighdeán a bhaineann le cláir TG4, leis an obair margaíochta/brandála agus leis na pearsana. Ar na nithe ba shuntasaí, ghnóthaigh *An Bronntanas* 16 gradam nó ainmniúchán in iomláine, ina measc Gradam Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge, gradam IFTA, Gradam Remi Duplicate ag Worldfest-Houston, trí ghradam ICAD, gradam ó Chuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann agus ainmniúchán ag Féile Scannánaíochta na hÉireann i Chicago. Ainmníodh *Song of the Sea* freisin do ghradam Oscar chomh maith le gradam IFTA don scannán is fearr.

Is comhartha maith ar chaighdeán na gclár ar TG4 an méid de na cláir Gaeilge a théann i gcion ar >70,000 nó >100,000 de lucht féachana. Is maith a chruthaíonn TG4 i gcomparáid leis an stáisiún Breatnaise S4C. Sa bhliain 2014/2015, bunaithe ar dhul i gcion ar feadh 3+ nóiméad, cuireadh 144 clár ar fáil ar S4C a chuaigh i gcion ar níos mó ná 70,000 duine agus 38 a chuaigh i gcion ar níos mó ná 100,000 duine[4]. I gcomórtas leis sin, cuireadh 476 clár ar fáil ar TG4 i rith na bliana 2015 a tharraing aird >70,000 duine agus 296 a tharraing níos mó ná >100,000 (arna bhunú ar ghnáthshlat tomhais TG4 maidir le tréimhse 1+ nóiméad, bhí 965 a chuaigh i gcion ar >70,000 agus 573 a chuaigh i gcion ar >100,000).

Tá 11 Aip Gaeilge do leanaí réamhscoile á gcur ar fáil anois ag TG4, ionas gur áisiúla do dhaoine óga ar fud an domhain an Ghaeilge a úsáid agus spraoi a bhaint aisti. Tá forbairt déanta ag TG4 ar Aip Teilifíse a ligeann do dhaoine cláir atrátha a bhreathnú ar réimse leathan de Theilifís-eáin Chliste, de bhoscaí barr teilifíseáin agus de ghairis Cliste Blue Ray DVD. Oibríonn seo ar threalamh de dhéanamh Samsung, LG, Sony, Panasonic agus Philips chomh maith le hardáin de leithéid Opera TV agus Google TV. Tá Aip seo TG4 ar fáil faoi láthair ar timpeall is 800 deis Cliste de chineálacha éagsúla.

Teanga agus Cultúr na Gaeilge a Chur chun Cinn agus a Chothú

Trí ábhar teilifíse Gaeilge ar ardchaighdeán, chomh maith le seirbhísí ar líne agus ar ghléasra so-iompair, Aipeanna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí san áireamh agus nuachtlitir mhíosúil ar líne a chur ar fáil, agus leathnú a dhéanamh ar Chartlann Sean-nóis TG4, tá spéis i dteanga agus i gcultúr na nGael agus úsáid na Gaeilge á chur chun cinn ag TG4.

Mar chuid de ghealltanais na bliana 2015, féachadh le tionchar TG4 ar an tuiscint agus ar an bhforbairt ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge a mheas. Tugadh faoi sin a mheas don dara bliain as a chéile trí shuirbhé a rinne Ipsos MRBI (sampla ionadaíochta náisiúnta de 1,000 duine fásta 15+ bliana d'aois). Bhí an t-eolas a gnóthaíodh ón tsuirbhé an-mholtach: creideann 82% de na freagróirí go bhfuil tionchar dearfach ag TG4 ar an nGaeilge; creideann 81% go bhfágann TG4 Gaeilge níos áisiúla ná a fhágann meáin eile; creideann 75% go bhfágann TG4 an Ghaeilge níos mó tábhachtaí do shaol na linne seo; creideann 81% go gcuireann breathnú ar TG4 beocht sa Ghaeilge agus luaigh 78% go bhfágann breathnú ar TG4 tuiscint níos fearr acu ar chultúr na hÉireann.

Chuir TG4 réimse leathan beartaíochta i gcrích i rith na bliana 2015 a chuidigh leis an nGaeilge agus an cultúr a chur chun cinn:

- ***Cuidiú leis an Rialtas maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge:*** ainneoin an deacracht leanúnach maidir le hacmhainní chun an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i gcrích, leanann TG4 den obair i gcomhar leis an Rialtas agus leis na geallsealbhóirí mórthábhachta go léir. Cuireadh cuid mhór tionscnamh i gcrích, iad seo a leanas: páirt ghníomhach in obair an Choiste Maoirseachta maidir le Cur i bhFeidhm Straitéis 20 Bliain an Rialtais; obair ar acmhainn Foghlaim na Gaeilge a fhorbairt; cruinnithe rialta le Oireachtas na Gaeilge, Gael Linn, Conradh na Gaeilge, an Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Pheil na mBan, ar tháinig dá

"If it wasn't for TG4, telly watchers would barely have known of the existence of women's Gaelic football over the years, so the channel is beyond reproach on that front."

Mary Hannigan
Irish Times

[4] S4C Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 31 Márta 2015 (an tuarascáil is deireanaí a bhí ar fáil i mí Feabhra 2016).

mbarr níos mó tráchta ar a gcuid imeachtaí ar TG4 i rith na bliana; agus, breis ábhair a chur ar fáil beo ó Oireachtas na Gaeilge 2015 srl.

- ***Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a chothú le leanaí agus daoine óga:*** Leanann TG4 de bhéim a chur ar sceideal cuimsitheach teilifíse de chláir teilifíse i nGaeilge do leanaí a chur ar fáil agus tugtar tús áite don nuáil agus do rogha leathan a chur ar fáil don chuid sin den lucht féachana. Níl aon chuid eile den sceideal craoltóireachta a bhfuil iomaíocht chomh géar ag baint leis. Anuas ar an tseirbhís craoltóireachta do leanaí agus do dhaoine óga, déanann TG4 infheistíocht freisin in ábhar idirghníomhaíochta Gaeilge, i gcluichí idirlín, in Aipeanna agus eile ag díriú ar na daoine óga sa lucht féachana. Rinneadh athdhearadh iomlán ar Shuíomh Gréasáin TG4 i rith na bliana 2015 agus tá Liosta Seinnte do chainéal na leanaí ina chuid de sin a bhíonn ar fáil gach nóiméad den lá ar fud an domhain ar fad. Seoladh Aip nua 'Scéal an Lae' — an Cat Ceolmhar agus cuidíodh le Aip Shaol faoi Shráid a sheoladh. Fágann sin aon cheann déag d'Aipeanna ar fáil do leanaí ag TG4 faoi seo. Tháinig méadú beagnach 6.7% go dtí 311,413 ar úsáid an tSuímh Gréasáin/ceadú leathanach na Leanaí agus na nDaoine Óga i rith na bliana 2015. Tháinig méadú beagnach 4.4% go dtí 147,596 ar líon na sruthanna a tapaíodh ar sheirbhís Sheinnteoir na leanaí.
- ***Seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil ar fud an domhain:*** Cuirtear ábhar craoltóireachta ar fáil ar fud an domhain, ar TG4 ar líne, ar an Seinnteoir agus ar na seirbhísí gléasra so-iompair ar líne, a chuireann chun cinn an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann.
- ***Treisiú leis an bhforbairt ar earnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge:*** tríd an mbeartaíocht coimisiúnaithe agus trí bhearta cúnta agus oideachais faoi leith, cuireann TG4 bonn treise faoi earnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge, go háirithe faoi chomhlachtaí atá lonnaithe i gceantair Gaeltachta. Choimisiúnaigh TG4 680 uair an chloig d'ábhar cláir nua Gaeilge i rith na bliana 2015, 291 uair an chloig d'ábhar athghuthaithe agus 410 uair an chloig d'fhotheidil. B'ionann an caiteachas le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus €21.2m. Chuir TG4 réimse beartaíochta agus gníomhartha i gcrích chomh maith d'fhonn treisiú le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge.
- ***Treisiú le hEagraíochtaí Spóirt agus Cultúir in Éirinn:*** Rinne TG4 an chomhpháirtíocht le heagraíochtaí éagsúla Gaeilge, cultúir agus spóirt a dhaingniú i rith na bliana 2015. Eagraíodh cruinnithe rialta le hOireachtas na Gaeilge, Gael Linn, Conradh na Gaeilge, an Cumann Lúthchleas Gael agus Cumann Pheil na mBan. Méadaíodh an t-ábhar a chuir TG4 ar fáil beo ó Oireachtas na Gaeilge sa bhliain 2015, le craoladh beo teilifíse ón bhféile trí oíche as a chéile chomh maith le craoladh ar an idirlíon i gcás imeachtaí/comórtais eile. Craoladh níos mó ábhair ná aon bhliain riamh roimhe seo maidir le Peil na mBan ar TG4 i rith na bliana 2015, idir chomórtais idirchontae ar na leibhéil is airde agus chluichí i gcomórtas na gclub agus i gcomórtas na gcoláistí. Ba bheart shuntasach don teanga an foclóir nua "Focloir.ie" (i bhformáid ar líne agus i bhformáid Aip araon) a seoladh i ndeireadh na bliana 2015. Leanann TG4 de thuairimí agus de mholtaí a chur ar fáil d'fhoireann an fhoclóra.
- ***Treisiú leis an eacnamaíocht áitiúil i gceantair Ghaeltachta:*** Chaith TG4 sciar suntasach den chaiteachas ar chláir i rith na bliana 2015 le comhlachtaí léiriúcháin i gceantair Ghaeltachta. Tá níos mó ná 300 post lánaimseartha in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha á gcothú go díreach ag coimisiúin de chuid TG4. Fiontair bheaga agus meánmhéide an chuid is mó

de na comhlachtaí seo ach ní i gceantair Ghaeltachta atá na poist ar fad lonnaithe. Is cuid thábhachtach den chóras eacnamaíochta agus sóisialta sa Ghaeltacht freisin TG4 a bheith ar an bhfód.

Earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha Gaeilge

Is foilsitheoir/craoltóir é TG4 a fhaigheann mórchuid mhór den ábhar cláir ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge. Thug TG4 faoi dhéanamh amhlaidh arís sa bhliain 2015 mar gheall ar na buntáistí a eascraíonn uaidh sin do TG4 féin agus d'eacnamaíocht na tíre: cinntítear go mbíonn sceideal clár TG4 sainiúil agus go léirítear saoithiúlacht chultúr na hÉireann air; déantar earnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge a chothú agus a fhorbairt, cuirtear iléagsúlacht ó thaobh meoin agus cur chuige úr ó thaobh ábhar siamsaíochta ar fáil le cláir nua Gaeilge; agus cuirtear bonn daingean faoi bheagnach 300 post in earnáil na léiritheoirí Gaeilge le coimisiúin de chuid TG4.

B'ionann an caiteachas le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus €21.2m. Cé gurbh ionann sin agus ísliú 2.1% ar chaiteachas na bliana 2014, ba shuntasach an méid caiteachais é leis an earnáil. Chaith TG4 sciar mhór d'iomlán an chaiteachais sin le comhlachtaí a oibríonn trí Ghaeilge. I ndáil le caiteachas iomlán TG4 le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha, b'ionann an caiteachas ar chláir coimisiúnaithe amháin agus 51% den chaiteachas oibriúcháin iomlán na heagraíochta sa bhliain 2015 agus beagnach 56.2% den mhaoiniú ó chistí poiblí. Is mór an sciar sin agus is maith an toradh é i mbliain ar tharla laghdú ar an maoiniú poiblí.

Sa bhliain 2015, d'aimsigh léiriúcháin de chuid TG4 €3.603m as an gciste *Fuaim & Fís* a ritheann an tÚdarás Craolacháin agus €1.108m ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge trí oibriú i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Díreach chuig earnáil na léiritheoirí neamhspleácha a théann an maoiniú sin.

Thug TG4 faoi thionscnaimh eile chomh maith d'fhonn treisiú leis an bhforbairt ar chumas agus ar chruthaitheacht na ndaoine in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha i rith na bliana 2015. Mar shampla: leanadh den fhorbairt ar chumas dhaoine nua i mbun gnéithe éagsúla den léiritheoireachta leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge, Lasair — Filmbase, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge 'Ard-Dioplóma i Léiriú Teilifíse' agus eagraíochtaí oiliúna eile; comhoibriú leis an Taibhdhearc maidir le comórtas agus meantóireacht i mbun scileanna scríbhneoireachta sa drámaíocht a chothú; oibriú le Údarás na Gaeltachta ar thionscnamh forbartha le béim faoi leith ar scileanna scríbhneoireachta d'fhonn borradh nua a chur faoi earnáil an léiriúcháin i nGaeltacht Thír Chonaill maidir le drámaíocht grinn ar chostas íseal a léiriú; agus, comhchistíocht ar thionscnamh i gcomhar le Filmbase.

Sochair Eacnamaíochta

B'ionann cion TG4 (díreach, indíreach agus cothaithe) maidir leis an ioncam náisiúnta i rith na bliana 2015 agus beagnach €66.4m, chomh maith leis an tionchar ar chúrsaí fostaíochta a ghabhann leis sin, i ndáil le 973[5] post. Is tábhachtach an tslat tomhais í seo ós léiriú atá ann ar leibhéal chaiteachas TG4 in Éirinn agus ar leibhéal an chaiteachais ar chláir choimisiúnaithe agus ar sheirbhísí in Éirinn seachas ar ábhar cláir cheannaithe agus ar sheirbhísí ar mhargaí thar lear. Léirítear freisin go raibh fiúntas níos mó ná €2 ag an eacnamaíocht in Éirinn as gach €1 a d'infheistigh TG4 i dtionscail chruthaitheachta i rith na bliana 2015. Tá buntáistí tábhachtacha ó thaobh cúrsaí airgeadais, fostaíochta agus cruthaitheachta le TG4 ag eacnamaíocht na hÉireann go ginearálta.

[5] Bunaithe ar anailís ar chaiteachas 2015 TG4 in Éirinn (caiteachas oibriúcháin móide caiteachas caipitil leis an airgead ar chláir san áireamh).

> *"The Irish broadcast market, aside from TG4, isn't interested in creating new sitcoms."*
>
> Colette Sexton
> *Sunday Business Post*

Follasacht agus Éifeachtúlacht

Ar aon dul leis na blianta roimhe seo, féachann TG4 le luach an airgid a thabhairt i gcrích ar fud na réimsí uile oibriúcháin. Ar cheann de na príomhchuspóirí, tá ar a laghad 70% den chistíocht phoiblí a chaitheamh ar chláir agus ábhar Gaeilge. D'infheistigh TG4 75% den chistíocht phoiblí sa bhliain 2015 i léiriú chláir agus ábhar Gaeilge. Caitheadh an fuílleach ar an gcraolachán agus ar ghnóthaí gaolmhara. Lean TG4 d'oibriú chomh héifeachtúil agus is féidir ó thaobh costais de agus de luach an airgid a thabhairt i gcrích maidir le gach gné den bheartaíocht. Tháinig laghdú 1.22% mar shampla ar chaiteachas oibriúcháin TG4 agus coinníodh an costas in aghaidh uair an chloig craolacháin (uaireanta an chloig Gaeilge amháin), uair an chloig craolacháin (na huaireanta go léir), uair an chloig craolacháin (uaireanta an chloig de chláir ar coimisiún nó arna léiriú go hinmheánach), uair an chloig craolacháin (uaireanta an chloig de chláir Gaeilge a ceannaíodh) ar aon leibhéal le leibhéil na bliana 2014.

Tháinig ísliú de bheagán ar an ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht agus ar ioncam tráchtála eile i rith na bliana i gcomórtas lenar thug TG4 isteach sa bhliain 2014 cé go rabhthas chun tosaigh ar na spriocanna a leagadh síos don bhliain 2015. B'ionann an t-ioncam tráchtála iomlán sa bhliain 2015 agus €3.3m, sciar 9.3% den mhaoiniú agus den ioncam sa bhliain 2015 i gcomórtas le sciar 9.5% sa bhliain 2014. Tháinig laghdú 3.6% sa bhliain 2015 ar an ioncam ó fhógraíocht/urraíocht sa bhliain 2015 i gcomórtas le leibhéil na bliana 2014 agus tháinig laghdú 1.25% ar an ioncam tráchtála. Beidh sé tábhachtach do TG4 an laghdú sin ar an ioncam tráchtála a athrú ó déantar an t-ábhar ar fad nach ábhar Gaeilge a mhaoiniú as an ioncam tráchtála agus feictear gur den riachtanas an t-ábhar sin maidir le héagsúlacht sa sceideal agus rátaí níos airde lucht féachana a thabhairt i gcrích. Ní bheidh sé furasta sin a thabhairt i gcrích nuair atá laghdú ar an sciar de mhargadh iomlán na fógraíochta in Éirinn atá ag an bhfógraíocht teilifíse. Cé gur tháinig forás 5.1% ar an bhfógraíocht teilifíse sa bhliain 2015, tháinig fógraíocht ar líne chun tosaigh ó thaobh an sciar den mhargadh fógraíochta i bPoblacht na hÉireann ionas gur sa dara háit anois san ord an fhógraíocht teilifíse.

Ainneoin gur mhol an tÚdarás Craolacháin méadú a dhéanamh ar an gcistíocht phoiblí tar éis athbhreithniú cúig bhliana a dhéanamh ar mhaoiniú na gcraoltóirí seirbhíse poiblí (PSB), laghdaíodh maoiniú reatha TG4 arís faoi €510k sa bhliain 2015, ísliú 1% i gcomparáid leis an mbliain 2014. Cistíocht phoiblí a bhí in 90.7% d'ioncam iomlán TG4 i rith na bliana 2015.

Bíonn TG4 ag brath den chuid is mó ar chistí poiblí maidir leis na riachtanais leanúnacha ó lá go lá a íoc. Oibríonn TG4 go crua, mar chraoltóir seirbhíse poiblí, chun a chinntiú gur ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais a chuirtear cistí poiblí i leith gach cuid den bheartaíocht agus go dtugtar luach an airgid i gcrích. Tá ar cheann de na cuspóirí buntábhachtacha ag TG4 costas uair an chloig d'ábhar cláir a choinneáil ar leibhéil réasúnta agus a chinntiú go bhfaightear luach an airgid i ndáil le costas cláir ó tharla gurb é sin an sciar is suntasaí d'iomlán na gcostas oibriúcháin ar fad. Mar chuid de sin, bhí d'aidhm ag TG4 i rith na bliana 2015 a chinntiú go gcoinneofaí an meánchostas uair an chloig maidir le cláir coimisiúnaithe faoi bhun an chostais ag an BBC, S4C agus RTÉ nó ag an gceann is ísle den réimse costais ag na stáisiúin sin. Go ginearálta, cé gur deacair an comórtas a dhéanamh leis an BBC, bhí an chuid is mó de tháillí TG4 faoi bhun bhuiséad an BBC do na seánraí céanna nó ag an gceann is ísle den réimse buiséad. Bheifí ag súil lena leithéid i bhfianaise scála an BBC agus cineál an mhargaidh ina bhfeidhmíonn an stáisiún sin. Is cosúla mar lón comparáide S4C ar craoltóir seirbhíse poiblí den chineál céanna le TG4 atá ann, a dhéanann freastal ar mhargadh níos lú agus atá dírithe ar mhionteanga dúchais agus ar an gcultúr a ghabhann le lucht na teanga sin. Cruthaíonn TG4 go maith sa chomparáid le S4C — go ginearálta, is cosúil gur géire TG4 maidir leis na rátaí coimisiúnaithe a íoctar. Cé go bhfuil difríochtaí idir an dá mhargadh le tabhairt san áireamh, is léiriú seo ar an mbéim a leagann TG4 ar chostas agus ar luach an airgid. Níl mórán eolais ar fáil faoi chás RTÉ. Ina ainneoin sin, is é a léirítear gur ísle an meánchostas coimisiúnaithe (in aghaidh na huaire) ag TG4 agus go ndírítear ar luach an airgid a fháil.

Infheistíocht sa Teicneolaíocht

D'fhonn cur le caighdeán agus sainiúlacht na gclár agus an ábhair eile de chuid TG4, déantar infheistíocht ar bhonn leanúnach i teicneolaíocht an chraolacháin agus na meán cumarsáide. Is den riachtanas do TG4 go mbítear tréan ar na hardáin cur i láthair ar fad agus go gcinntítear go mbíonn ábhar ar fáil ar ardáin nua de réir mar is cuí. Mar shampla, tá de chuspóir ag TG4 an tseirbhís Ardghléineachta (HD) a bheith ar fáil ar na hardáin líneacha ar fad, Eir, Vodafone, Sky agus Saorview ina measc. Cuireann TG4 seirbhís Seinnteora ar chóras IOS agus ar chóras Smart TV ar fáil. Is gá infheistíocht a dhéanamh, ina leith seo agus i ndáil le hardáin agus seirbhísí a thagann chun cinn san am atá romhainn, sa teicneolaíocht agus sna córais ábhair, mar shampla Modúil físeáin ar a n-éileamh (VOD), Bainistíocht Ceart Digiteach (DRM), bainistíocht faisnéise

agus íomhánna, córais eile ábhair agus craolacháin, etc. Mura leanann TG4 den infheistíocht maidir le córais, ardáin agus formáidí nua ábhair, tá an baol ann go gcaillfí sciar den lucht féachana agus nach mbeifí ag sásamh éileamh an lucht féachana ar ábhar ar thob na huaire. Thug TG4 faoi fhorbairt de chineálacha éagsúla i rith na bliana 2015, iad seo a leanas ina measc:

- Tugadh an obair chun críche ar an áis cartlainne a chur le chéile agus tá tús maith curtha leis an obair cartlannaíochta agus catalógaithe. Chuir TG4 isteach ar chistíocht Cartlannaíochta ón Údarás Craolacháin i rith na bliana 2015 agus aimsíodh ciste i ndáil leis an gcostas maidir le Togra Cartlainne d'Ábhar Nuachta agus Cúrsaí Reatha a thabhairt i gcrích.
- Athstruchtúrú ar an gcóras craolacháin agus riaracháin ionas gur tréine agus iontaofa an t-infreastruchtúr TE atá ar fáil.
- An nuachóiriú ar chóras Airgeadais TG4 a thabhairt chun críche trí chóras tuairiscíochta sonraí ar fud an chomhlachta ar fad a chur i bhfeidhm.
- Feabhas a chur ar an tseirbhís don lucht féachana trí dheis níos fearr a thabhairt ar shruthanna físe agus ar ábhar breise. Mar gheall ar bhainistíocht maidir le cearta digiteacha (DRM) a féadadh sin a dhéanamh.
- Athdhearadh iomlán ar Shuíomh Gréasáin TG4.

Iontaoibh agus Dea-rialachas

Chruthaigh TG4 go maith ó thaobh cúrsaí rialachais i rith na bliana 2015:

- Choinnigh TG4 córais rialachais agus tuairiscíochta ar siúl ar den sárchleachtas iad.
- Rinneadh iniúchadh inmheánach maidir le soláthar agus roghnú clár, polasaithe agus gnáis oibre na Rannóige Airgeadais agus gnóthaí tráchtála.
- Rinneadh athbhreithniú mion dian ar bhainisteoireacht baoil TG4 agus cuireadh an tuarascáil ar an athbhreithniú baoil faoi bhráid an Bhoird i mí na Nollag 2015.
- Comhlíonadh gach coinníoll maidir le cúrsaí tuairiscíochta i rith na bliana 2015, mar shampla an Ráiteas faoi Ghealltanais don bhliain 2015, athbhreithniú mion ar Fheidhmíocht TG4 an bhliain roimhe seo (2014) agus an Tuarascáil Bhliantúil i leith na bliana 2014.
- Chloígh TG4 leis na Cóid agus na Treoirlínte Craoltóireachta ar fad. Níor eisigh an Rialaitheoir smachtbhanna ar bith le TG4 maidir le Cód ná Treoirlíne.
- D'fhéach TG4 leis na caighdeáin is airde maidir le hionracas eagarthóireachta a thabhairt i gcrích agus a choinneáil ar siúl i rith na bliana 2015 agus le réimse iléagsúil de chláir ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Ní dhearnadh gearáin fhoirmeálta ar bith faoi sheirbhísí TG4 leis an Údarás Craolacháin.

Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil de chuid an Achta Craolacháin, 2001. Is é an tAire Cumarsáide a cheap comhaltaí an Bhoird.

Ar an 31 Márta 2012, chuaigh téarma oifige an Chathaoirligh agus 8 gcomhalta den Bhord in éag. Ar an 17 Aibreán 2012, cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Cathaoirleach agus 6 chomhalta den Bhord agus athcheapadh comhalta amháin den Bhord a bhí ann roimhe sin. Chuaigh téarma oifige beirt comhalta — Rónán Ó Coisdealbha agus Concubhar Ó Liatháin in éag i 2015 agus ceapadh 3 chomhalta den Bhord, Diarmuid Ó Ruiséal, Bríd Ní Fhachtna agus Frank Reidy.

Tháinig an Bord le chéile 8 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2015.

Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)

Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)

Seosamh Ó Conghaile

Andréa Ní Éalaithe

Des Geraghty

Mairéad Ní Cheóinín

Micheál Seoighe

Mairéad Nic Suibhne

Michelle Ní Chróinín

Diarmuid Ó Ruiséal

Bríd Ní Fhachtna

Frank Reidy

Comhaltaí an Bhoird agus an tArdstiúrthóir amhail ar an 31 Nollaig 2015

Rúnaí na Cuideachta agus an Oifig Chláraithe
Mary Uí Chadhain
TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe

Rúnaí don Bhord
Pádhraic Ó Ciardha

Fochoistí de chuid an Bhoird
Tá trí fhochoiste de chuid an Bhoird ann mar a leanas:

An Coiste Iniúchóireachta
Des Geraghty (Cathaoirleach)
Micheál Seoighe
Michelle Ní Chróinín

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2015, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

An Coiste Luach Saothair
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)
Andréa Ní Éalaithe
Mairéad Nic Suibhne

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile uair amháin sa bhliain suas go dtí an 31 Nollaig 2015.

An Coiste Digiteach
Mairéad Ní Cheóinín (Cathaoirleach)
Concubhar Ó Liatháin
Rónán Ó Coisdealbha
Diarmuid Ó Ruiséal

Tháinig an Coiste Digiteach le chéile uair amháin sa bhliain suas go dtí an 31 Nollaig 2015.

Iniúchóir
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer
Baile Átha Cliath 1

Aturnae
Landwell Solicitor
Uimhir a hAon, Duga Spencer, Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí
Banc-Aontas Éireann
Caisleán an Loingsigh, Sráid na Siopaí, Gaillimh

Achtúire
Pricewaterhouse Coopers
Uimhir a hAon, Duga Spencer, Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1

Tuairisc an Chathaoirligh

Réamhrá

Mar chraoltóir seirbhíse poiblí a bunaíodh TG4 d'fhonn sceideal de chláir teilifíse siamsúla Gaeilge a chur ar fáil, an Ghaeilge a neartú, a chur chun cinn agus a cheiliúradh, an Ghaeilge a bheith níos feiceálaí i ngnáthshaol an lae ag na saoránaigh agus aird faoi leith a thabhairt ar na gnéithe sainiúla den chultúr sin, na Gaeltachtaí go háirithe, a dhealaíonn ó chultúir eile é. Is ábhar dóchais againn a fheiceáil go bhfuil ardmheas i gcónaí ar sheirbhís TG4 agus go bhfuil tionchar chun tairbhe againn ar an nGaeilge.

I rith na bliana 2015, bhí TG4 ag aimsiú 92% den lucht féachana Gaeilge gach seachtain. Bhí sin chun cinn ar an sprioc a bhí leagtha síos againn don bhliain agus ba rímhaith an ghnóthachtáil í i gcomórtas le seirbhísí teilifíse mionteangacha dúchais i dtíortha eile thar lear. Bhain TG4 ráta sástachta beagnach 80% amach leis an lucht féachana Gaeilge. Mar chuid de ghealltanais TG4, féachadh leis an tionchar a bhíonn againn ar an tuiscint ar chúrsaí na Gaeilge agus chultúr na Gaeilge, agus ar a bhforbairt, a mheas. Rinneadh sin trí shuirbhé arna eagrú ag Ipsos MRBI (sampla ionadaíochta náisiúnta 1,000 duine fásta 15+ bliana d'aois). Bhí torthaí na suirbhé anmholtach agus 82% den tuairim go bhfuil tionchar chun buntáiste ag TG4 ar an nGaeilge, 81% a deir go ndéanann TG4 an Ghaeilge níos áisiúla dóibh ná meáin eile, 75% den bharúil gur gaire an Ghaeilge do shaol an lae inniu acu mar gheall ar TG4 agus 81% den tuairim go gcuireann faire TG4 beocht sa Ghaeilge dóibh. Is ábhar mór ríméid againn gur léir an tairbhe atá le TG4 i measc an lucht féachana Gaeilge agus i measc gach dream den lucht féachana teilifíse ar fad chomh maith.

Tá ról tábhachtach ag TG4 maidir le bonn a chur faoi phobal dhátheangach in Éirinn. Tá beagnach 1.5m duine a amharcann ar TG4 gach seachtain agus is léiriú sin ar a fheabhas atá cruthaithe againn maidir le hionad tábhachtach a bheith ag TG4 i saol na ndaoine in Éirinn. Cé gur iomaí cruadheacracht eacnamaíochta agus sóisialta atá ag an tír, níor cheart neamhaird a dhéanamh den tábhacht atá leis an nGaeilge agus le cultúr na nGael agus le ról TG4 ag cuidiú lena gcaomhnú agus a chothú. Is é a chuirimid romhainn mar chainéal náisiúnta Gaeilge a chinntiú go leanann an Ghaeilge ina teanga bheo agus í ina bonnchloch de chuid chultúr agus oidhreacht na hÉireann.

Tionchar Eacnamaíochta

Bíonn tionchar leitheadach ag TG4 ar chúrsaí eacnamaíochta in Éirinn. Feidhmítear mar fhoilsitheoir/chraoltóir agus is ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn a fhaightear an chuid is mó de na cláir Gaeilge, ó chomhlachtaí i gceantair Ghaeltachta go háirithe. Chaith TG4 €21.2m i rith na bliana 2015 le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn agus tá ar cheann de na príomhchuspóirí againn cur leis an gcaiteachas sin agus leis an ábhar cláir Ghaeilge a choimisiúnaítear ón earnáil seo.

Cuireann TG4 cláir agus ábhar Gaeilge ar coimisiún le líon is mó ná 100 comhlacht léiriúcháin neamhspleách in Éirinn agus cuireann na coimisiúin sin bonn go díreach faoi líon is mó ná 300 post lánaimseartha i gcúrsaí cruthaitheachta. I ngnólachtaí beaga agus meánmhéide den chuid is mó atá na poist sin agus cuid mhór acu i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile ar fud na réigiún. I rith na bliana 2015 féin, meastar gur chuir TG4 bonn treise faoi 473 acmhainn cruthaitheachta ar fud réimse leathan catagóirí, ina measc ceoltóirí, cumadóirí ceoil, stiúrthóirí, aisteoirí agus eile. Tá buntáiste suntasach ag léiriú Ros na Rún do TG4 ar chúrsaí eacnamaíochta i gceantar Gaeltachta an Spidéil. Cuireann an léiriúchán sin bonn faoi 150 post nó níos mó gach bliain. Is iomaí buntáiste sóisialta agus cultúir a eascraíonn as an bhfostaíocht ardoilte a chothaíonn TG4 sna ceantair tuaithe seo.

Tá buntáistí tábhachtacha ó thaobh cúrsaí airgeadais, fostaíochta agus cruthaitheachta as TG4 ag eacnamaíochta na hÉireann go ginearálta. B'ionann cion díreach agus indíreach TG4 maidir leis an tuilleamh náisiúnta i rith na bliana 2015 agus €66.4m chomh maith leis an toradh fostaíochta a ghabhann leis sin maidir le 973 post, poist in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha san áireamh. Áirítear go n-eascraíonn níos mó ná €2 fiúntais d'eacnamaíocht na tíre as gach €1 a infheistíonn TG4 i dtionscail na cruthaitheachta in Éirinn.

An Fheidhmíocht maidir le Cúrsaí Airgeadais

Tá deacracht maidir le maoiniú leanúnach ag eagraíochtaí atá ag brath ar chistí poiblí, agus ní haon chás eisceachta TG4. Ainneoin gur mhol an tÚdarás Craolacháin an chistíocht phoiblí a ardú, tar éis athbhreithniú cúig bhliana a dhéanamh ar an maoiniú ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, íslíodh an chistíocht reatha ag TG4 €510k eile sa bhliain 2015 ionas go bhfuil ísliú iomlán beagnach €6m tarlaithe ón mbliain 2009 i leith. Is maith an rud ardú €300,000 a bheith curtha ar an gcistíocht reatha don bhliain 2016, beart chun tairbhe i ndáil leis an gceart a dhéanamh maidir leis an laghdú iomlán.

Ba dheacair do TG4, agus na buiséid íslithe, ábhar sainiúil dúspéise a léiriú i nGaeilge a bheadh ina shiamsaíocht ag daoine agus a mheallfadh lucht féachana tréan — agus a d'fhéadfadh dul in iomaíocht le hábhar nua á léiriú i mBéarla in Éirinn agus ábhar idirnáisiúnta ag craoltóirí agus soláthraithe seirbhíse eile. Mhol an tÚdarás go dtabharfaí cistí breise dúinn a chuirfeadh ar ár gcumas ábhar spéisiúil nua a chruthú a leanfadh den tionchar tairbheach maidir le méadú ar an lucht féachana agus ar theanga agus ar chultúr na nGael. Cuirfidh sin ar chumas TG4 freisin leanúint ag coinneáil bonn faoi phoist agus ag cothú fostaíochta, ag cur nuáil agus forás eacnamaíochta chun cinn in earnáil na cruthaitheachta agus ag cur bonn treise faoin bhforbairt ar cheantair Ghaeltachta agus ar réigiúin eile.

Focal Buíochais

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Alex White T.D., agus le hoifigigh na Roinne.

Ba mhaith liom chomh maith fáilte a chur roimh na comhaltaí nua ar Bhord TG4 agus buíochas a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe uile ar an mBord as ucht a gcuid dúthrachta agus a ndéanann siad ar son TG4. Is mian liom freisin buíochas a ghlacadh le fo-choistí an Bhoird, maidir le hIniúchadh, an Réimse Digiteach agus Luach Saothair, agus le Rúnaithe an Bhoird. Glactar buíochas chomh maith le Comhairle an Lucht Féachana as ucht an gcion mór tairbhe a dhéantar maidir le seirbhísí TG4 a fhorbairt.

Táthar buíoch freisin d'Údarás Craolacháin na hÉireann agus don Chiste Craoltóireachta Gaeilge as an gcúnamh leanúnach agus do RTÉ as an soláthar 365 uair an chloig d'ábhar Gaeilge a chuirtear ar fáil gach bliain de réir na reachtaíochta. Murach an soláthar clár a chuireann earnáil na léiritheoirí neamhspleácha ar fáil, ní bheadh an éagsúlacht agus an bhríomhaireacht i sceideal TG4 agus gradaim á mbronnadh ar na cláir, cuirim buíochas faoi leith in iúl dóibhsean.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le lucht foirne agus bainistíochta TG4. Ba mhaith liom go háirithe buíochas a ghabháil leis an Ardstiúrthóir, Pól Ó Gallchóir. Ainneoin bliain eile mórdheacrachtaí, shaothraigh Pól agus foireann TG4 go dian chun toradh fiúntach ar sheirbhís TG4 a thabhairt i gcrích.

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Tuairisc an Ardstiúrthóra

Réamhrá

Lena raibh de dheacrachtaí leanúnacha ag baint le cúrsaí eacnamaíochta agus leis an gclaochlú atá ar an gcraoltóireacht agus ar an iomaíocht i gcúrsaí craolacháin, is iomaí dúshlán a cuireadh roimh TG4 i rith na bliana 2015. Tá méadú tagtha ar líon na gcraoltóirí (craoltóirí ón iasacht agus craoltóirí de chuid na hÉireann) agus na seirbhísí ábhair nach mór do TG4 dul in iomaíocht leo maidir le lucht féachana a tharraingt. Is casta, mar gheall ar an iomaíocht sin agus mar gheall ar thionchar na teicneolaíochta nua chomh maith, an ról speisialta a leagtar ar TG4 faoin reachtaíocht maidir le freastal ar lucht féachana na Gaeilge. Is dlúthchuid faoin tráth seo den phunann seirbhísí a chuirtear ar fáil ar ardáin ábhair ar líne agus do ghléasra soghluaiste agus cuirtear seirbhís craolacháin den ghnáthchineál ar fáil freisin chomh maith le seirbhísí ar a n-éileamh, ar líne agus do ghléasra soghluaiste. Bíonn an lucht féachana níos dealaithe agus ní mór do TG4 freastal ar dhreamanna níos sine den lucht féachana a mbíonn súil acu i gcónaí le réimse leathan d'ábhar siamsúil craoltóireachta chomh maith le freastal ar dhreamanna níos óige nach mbíonn ag faire ar an teilifís beo chomh minic céanna agus a thapaíonn ábhar ó réimse foinsí éagsúla. Anuas ar na deacrachtaí sin, tá laghdú beagnach €6m curtha ar chistíocht reatha TG4 ón mbliain 2009 anuas, ciorrú €510k sa bhliain 2015 san áireamh.

Anuas go dtí dhá bhliain ó shin, níor tharla aon ísliú caighdeáin ná cúngú ar éagsúlacht an ábhair, a mbronntar gradaim air, a chuireann TG4 ar fáil. Ina ainneoin sin, mar gheall ar easpa acmhainní airgid, bhí ar TG4, sa bhliain 2014 den chéad uair agus arís sa bhliain 2015, líon na n-uaireanta an chloig d'ábhar nua Gaeilge a laghdú. Ábhar díomá sin do TG4 agus ba mhaith linn a mhalairt a thabhairt i gcrích i rith na mblianta seo romhainn. Ina ainneoin sin ar fad, chaith TG4 75% den chistíocht phoiblí ar chláir Gaeilge agus ar ábhar Gaeilge, toradh antairbheach ar obair na bliana 2015.

Lucht Féachana

Tá ar phríomhchuspóirí straitéise TG4 seirbhís teilifíse Gaeilge a chur ar fáil chun teanga agus cultúr an Gaeilge a chur chun cinn agus a chothú agus ní mór, d'fhonn sin a bhaint amach, dul i gcion níos treise ar gach réimse den lucht féachana.

Is iad na torthaí ó phainéal *Fios Físe* a úsáidtear chun a mhéid a théann TG4 i gcion ar an lucht féachana Gaeilge a thomhas. Painéal lucht féachana atá ansin a bhfuil neamhspleáchas agus follasacht ag baint leis, arna chur ar bun i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Déantar monatóireacht agus tomhas ar a mhéid a théann TG4 i bhfeidhm ar dhreamanna den lucht féachana Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. B'ionann cion TG4 de lucht féachana na Gaeilge gach seachtain i rith na bliana 2015 agus 92%. Bhí sin chun tosaigh ar an sprioc, ábhar mór dóchais. Tá an toradh ar shaothar TG4 an-mhaith nuair a dhéantar comparáid le cainéil teilifíse mionteangacha dúchais eile de leithéid BBC Alba agus S4C. Déantar leibhéil sástachta a thaifead chomh maith le *Fios Físe*. Ghnóthaigh TG4 ráta sástachta gar don 80% i measc lucht féachana na Gaeilge i rith na bliana 2015, chun tosaigh arís ar an sprioc a bhí leagtha síos don bhliain. Is ábhar mórtais againn go bhfuil oiread measa i gcónaí ag lucht féachana na Gaeilge ar TG4.

Tá leibhéal na hiomaíochta i margadh na craoltóireachta an-ghéar san am i láthair. Ina ainneoin sin, sa bhliain 2014 rinne TG4 dul chun cinn le breith ar an 7ú cainéal ba mhó lucht féachana. Coinníodh an t-ionad sin sa bhliain 2015. Tá 19 den 30 cainéal is mó lucht féachana i margadh na hÉireann ar lú ná 1% an sciar den lucht féachana atá acu — níl ach 9 gcainéal den 30 sin le sciar >1% den lucht féachana, TG4 ina measc. Tharraing TG4 meánsciar 11% in aghaidh an lae sa bhliain 2015. Bhí níos, mó ná 450,000 duine den lucht féachana a thapaigh TG4 gach lá agus beagnach 1.5 milliún duine a thaobhaigh TG4 gach seachtain. Ba mhaith an ghnóthachtáil sin i margadh inar géire i gcónaí an iomaíocht maidir le lucht féachana a mhealladh.

Is comhartha maith maidir le caighdeán chláir de chuid TG4 agus a fheabhas a chruthaíonn siad an líon a tharraingíonn sciar den lucht féachana is airde ná >70,000 agus >100,000. Chuir TG4 965 clár ar fáil i rith na bliana 2015, a ghnóthaigh sciar ab airde ná 70,000 agus 573 clár a ghnóthaigh sciar ab airde ná 100,000. Ar na cláir ba shuntasaí, áirítear *Fleadh Cheoil na hÉireann* i Sligeach a bhain amach 700,000 duine de lucht féachana agus *Cluichí Ceannais na hÉireann Pheil na mBan*, faoi urraíocht TG4, a chuaigh i gcion ar 530,000 den lucht féachana.

Maidir leis an bhféachaint a tugadh ar ábhar TG4 trí sheirbhís an tSeinnteora i rith na bliana 2015, tháinig ardú 3.3% ar líon na n-uaireanta an chloig. Cruthaíodh go maith le seirbhís an tSeinnteora agus ceanglaíodh níos mó ná 1.5m sruth le cláir, ardú 13.2%. Tháinig laghdú 13.5%, go dtí beagán faoi bhun 1.6m, ar líon na ndaoine faoi leith a cheangail leis an Suíomh Gréasáin agus tháinig laghdú freisin ar líon na leathanach a ceadaíodh. Tháinig athrú ar mhodh tomhaiste TG4 maidir le húsáid an tSuímh Gréasáin sa bhliain 2014 agus ní sonraí inchomparáide go díreach a cheaptar leis an gcóras tomhais nua. Laghdú ar an úsáid a léirítear. Tá TG4 ag cur ábhar físeáin chun tosaigh maidir leis an dearadh nua agus tá cumasc á thabhairt i gcrích maidir leis an Seinnteoir agus an Suíomh Gréasáin. Cé gur lú, ar dtús, líon na leathanach a cheadaítear dá bharr sin, tiocfaidh athrú ar an bpátrún sin de réir mar is furasta a bhíonn sé ag an lucht úsáide ábhar a thapú.

Bhí toradh na straitéise seo le feiceáil den chéad uair cheana féin ó na sonraí faoin lucht féachana míosúil i ndeireadh na bliana 2015. Tá Suíomh Gréasáin TG4 ar bharr an liosta[6] i gcónaí maidir le Suíomh Gréasáin

[6] Alexa world rankings.

Ghaeilge ar fud an domhain uilig agus d'éirigh go hanmhaith le hAipeanna de chuid TG4 nuair a tarraingíodh anuas 113k Aip i rith na bliana 2015.

Ábhar agus Sceideal Craoltóireachta Gaeilge

Bhí TG4 tugtha, i rith na bliana 2015, do leathnú ar an sceideal craoltóireachta Gaeilge ionas go gcuirfí ábhar téagartha "a chaitear a fheiceáil" ar fáil do gach dream den lucht féachana, agus baineadh na spriocanna ar fad amach. Cuireadh 1,751.5 uair an chloig ar fad d'ábhar nua/bunúsach Gaeilge amach ar TG4 — 4.8 uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán. Tá sin go maith i gcomparáid le sprioc TG4 4.61 uair an chloig in aghaidh an lae ar an meán agus 1,684 uair an chloig d'ábhar nua Gaeilge (sáraíodh an sprioc faoi 4%). Os a choinne sin, mar gheall ar an maoiniú reatha a bheith laghdaithe i rith na bliana 2015, tháinig laghdú 3.8% ar líon na n-uaireanta an chloig Gaeilge ar TG4 i gcomórtas leis na huaireanta an chloig i rith na bliana 2014. Chomh maith le cur le líon na gclár Gaeilge nua/bunúsach, is é atá d'aidhm ag TG4 infheistíocht a dhéanamh sa chroísceideal craoltóireachta Gaeilge ionas go dtarlóidh go fadtéarmach croísceideal 40 uair an chloig á chur ar fáil. Rinne TG4 dul chun cinn suntasach ina leith sin i rith na bliana 2014. Coinníodh an croísceideal 34 seachtaine i rith na bliana 2015 ach d'ísligh líon na n-uaireanta an chloig nua/bunúsacha Gaeilge i rith an chroísceidil sin ó 5.3 uair an chloig sa ló ar an meán go dtí 5.25 uair an chloig. Níl sin ag teacht leis an straitéis atá ag TG4 cur le meánlíon laethúil na n-uaireanta an chloig d'ábhar cláir nua/bunúsach Gaeilge agus an croísceideal Gaeilge a leathnú. Ní mór beart a dhéanamh ina leith sin más le TG4 sceideal craoltóireachta téagartha Gaeilge a chur ar fáil ionas go gcothaítear an lucht féachana reatha agus go gcuirtear leis.

Cláir Ghaeilge

Chuir líon mór de chláir siamsúla ardchaighdeáin i nGaeilge le sceideal craoltóireachta TG4. Ba í an bhliain 2015 an 17ú bliain ag *Gradaim Ceoil TG4* meas agus onóir a léiriú don chuid is fearr den cheol traidisiúnta. Craoladh an searmanas beo as an Áras Ceoldrámaíochta i gCorcaigh agus bronnadh an gradam do Cheoltóir na Bliana ar an mboscadóir as Gaillimh, Máirtín O'Connor.

Léiríodh lón drámaíochta den scoth a craoladh ar TG4 i rith na bliana, mar shampla *An Klondike*, an chéad chlár de sheánra an Western a léiríodh in Éirinn. Ríomhtar scéal triúr dearthár de mhuintir Uí Chonghaile sa tsraith seo a fhágann Montana agus a théann don Yukon le linn ruathar an óir sa Klondike i rith na 1890idí. Lean TG4 den phríomhshraith sobaldrámaíochta *Ros na Rún* a chraoladh, an fichiú séasúr. Ábhar mór méala dúinn bás an aisteora Diarmuid Mac an Adhastair i rith na bliana. Bhí seisean i bpáirt Shéamuis Mhicil Tom ó thús na sraithe. Is mór an ní a bhás ar a bhean agus ar a chlann, ar mheitheal *Ros na Rún* agus ar na mílte ar fud na hÉireann agus thar lear ar breá leo an clár.

Ábhar mórtais do TG4 gur cuidíodh ó thús na beartaíochta, in éineacht leis an Údarás Craolacháin agus le Bord Scannán na hÉireann, leis an leagan Gaeilge den ghnéscannán anamúlachta *Song of the Sea* a ainmníodh do ghradam Oscar. Cuireadh *Amhrán na Mara*, an leagan Gaeilge, ar taispeáint i bpictiúrlanna éagsúla ar fud na hÉireann i rith mhíonna an tsamhraidh 2015 agus beidh sé á chraoladh ar TG4 i rith na bliana 2016.

Bhí Oireachtas na Gaeilge ar siúl i City West sa bhliain 2015 agus bhí ceolchoirm speisialta ag na Na Casaidigh mar chuid de.

Bhí cúrsaí spóirt go mór chun tosaigh arís i sceideal craoltóireachta TG4 i rith na bliana 2015. Is féidir lucht féachana nach bhfuil an Ghaeilge chomh mór sin ar a dtoil acu, nó nach labhraíonn Gaeilge ar chor ar bith, a mhealladh chuig cláir spóirt i nGaeilge. I nGaeilge ar fad a bhíonn an tráchtaireacht ar chluichí agus ar ghnéchláir spóirt, an phlé sa stiúideo agus na hagallaimh, nuair is féidir sin, agus cuidíonn sin leis an teanga a thabhairt isteach i dtithe nach gcloisfí iontu í dá uireasa sin. Chomh maith le *GAA Beo* (Na Clubanna, an tSraith, Faoi-21, Mionúir, Peil na mBan), chraol *TG4 Rugbaí Pro 12*, *EPCR Rugby Highlights*, *Rásaí Lios Tuathail*, *Tour de France*, *Vuelta* agus babhtaí dornálaíochta beo i rith na bliana. Lean TG4 freisin le *Seó Spóirt* an clár stiúideo deireadh seachtaine ar a mbreathnaítear chun cinn ar chluichí Chumann Lúthchleas Gael agus ar chluichí rugbaí le hábhar anailíse ó imreoirí aitheanta, ó bhainisteoirí agus ó thráchtairí chomh maith le hagallaimh leithleasacha as gach cuid den tír. Leanadh freisin le *Laochra Gael*, an tsraith a bhfuil tóir le fada uirthi ina gcuirtear síos ar ré imeartha imreoirí na gcluichí Gaelacha ón am atá caite.

Bhí *Imeall*, príomhshraith TG4 maidir le cúrsaí ealaíne ar ais don 7ú séasúr, ag cur síos ar chúrsaí cultúir agus ar na healaíontóirí is mó le rá ar fud na hÉireann.

Bhí *Nuacht TG4*, an clár nuachta i lár an tráthnóna, ina bhunchloch faoi sceideal craoltóireachta an lae arís. Cuireadh leis an anailís ar chúrsaí nuachta leis an bplé níos mine ar an gclár seachtainiúil cúrsaí reatha *7 Lá*. Tá deacháil ar an gclár bríomhar fadmharthanach seo ina dtugtar athbhreithniú ar scéalta móra na seachtaine agus ar chúrsaí reatha le léargas agus géire intinne lucht an phainéil sa stiúideo, ar a mbíonn polaiteoirí agus lucht anailíse, agus dhaoine as ionaid ar fud an domhain, Parlaimint na hEorpa san áireamh. Pléitear na scéalta agus na ceisteanna a bhaineann le hábhar shaol na ndaoine i gceantair Ghaeltachta agus i saol na Gaeilge, chomh maith le tuairiscí ó láithreacha ar fud na hÉireann.

Leanann TG4 de sceideal cuimsitheach teilifíse de chláir teilifíse i nGaeilge do leanaí a chur ar fáil agus tugtar tús áite don nuáil agus do rogha leathan a chur ar fáil don chuid sin den lucht féachana. Níl aon chuid eile den sceideal craoltóireachta a bhfuil iomaíocht chomh géar ag baint leis. Anuas ar an tseirbhís chraoltóireachta do

leanaí agus do dhaoine óga, déanann TG4 infheistíocht freisin in ábhar idirghníomhaíochta Gaeilge, i gcluichí idirlín, in Aipeanna agus eile ag díriú ar na daoine óga sa lucht féachana. Tugadh athdhearadh iomlán ar Shuíomh Gréasáin TG4 i rith na bliana 2015 agus tá Liosta Seinnte do chainéal na leanaí ina chuid de sin a bhíonn ar fáil gach nóiméad den lá ar fud an domhain ar fad. Tá aon cheann déag d'Aipeanna ar fáil do leanaí ag TG4 faoi seo. Tháinig forás beagnach 7% ar úsáid an tSuímh Gréasáin/ceadú leathanach na Leanaí agus na nDaoine Óga agus méadú beagnach 4.4% ar na sruthanna a tapaíodh ar sheirbhís Sheinnteoir na leanaí, toradh maith ar shaothar na bliana.

Chuir réimse leathan de chláir faisnéise Gaeilge le sceideal craoltóireachta TG4 i rith na bliana 2015. Craoladh cláir faisnéise aonair de leithéid *Bliain in Acaill*, *An Náisiúin* agus *GAA USA* chomh maith le sraitheanna rialta de leithéid *Fíorscéal*, inar craoladh séasúr nua de chláir faisnéise ardchaighdeáin ón iasacht faoi cheisteanna timpeallachta, polaitíochta agus sóisialta a imríonn tionchar orainne agus ar an domhan ar fad. Craoladh *Dúiche* freisin agus bhí meascán de scéalta tromchúiseacha lán eolais as gach áit ar fud oileán na hÉireann i ngach eagrán den irischlár siamsúil seo. Thug daoine spéisiúla, an pobal lena mbaineann siad agus na dreamanna nó na cúiseanna a seasann siad ar a son isteach i gceartlár an scéil muid.

Gradaim agus Ainmniúcháin

Ba bhliain mhór arís an bhliain 2015 maidir le gradaim agus ainmniúcháin do TG4. Bronnadh 89 gradam agus ainmniúchán in iomláine ar TG4 i rith na bliana, 65 acu maidir le cláir agus ábhar cláir, 13 maidir le láithreoirí/pearsana de chuid TG4 agus 11 arbh gradaim/ainmniúcháin margaíochta iad (bhain 3 cinn acu sin le hAipeanna Gaeilge TG4). Is léiriú na gradaim agus na hainmniúcháin ar an ardchaighdeán a bhaineann le cláir TG4, leis an obair margaíochta/brandála agus leis na pearsaí. Ar na nithe ba shuntasaí, ghnóthaigh An Bronntanas 16 gradam nó ainmniúchán in iomláine, ina measc Gradam Cumarsáide de chuid Oireachtas na Gaeilge, gradam IFTA, Gradam Remi Duplicate ag Worldfest-Houston, trí ghradam ICAD, gradam ó Chuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann agus ainmniúchán ag Féile Scannánaíochta na hÉireann i Chicago. Ainmníodh *Song of the Sea* freisin do ghradam Oscar chomh maith le gradam IFTA don scannán is fearr.

Tionchar ar an nGaeilge

Ar cheann de chuspóirí TG4, tá a chinntiú go mbíonn ionad tábhachtach ag an nGaeilge i saol mhuintir na hÉireann. Trí ábhar teilifíse Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil, chomh maith le seirbhísí idirlín agus do ghléasra soghluaiste, ina measc Aipeanna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí, chomh maith le seirbhísí eile, tá TG4 ag cothú spéise sa Ghaeilge agus i gcultúr na hÉireann agus ag cur úsáid na Gaeilge chun cinn i ngach teaghlach ar oileán na hÉireann



agus níos faide ó bhaile.

Mar chuid de ghealltanais na bliana 2015, féachadh le tionchar TG4 ar an tuiscint agus ar an bhforbairt ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge a mheas. Tugadh faoi sin a mheas don dara bliain as a chéile trí shuirbhé a rinne Ipsos MRBI (sampla ionadaíochta náisiúnta de 1,000 duine fásta 15+ bliana d'aois). Bhí an t-eolas a gnóthaíodh ón tsuirbhé an-mholtach: creideann 82% de na freagróirí go bhfuil tionchar chun buntáiste ag TG4 ar an nGaeilge; creideann 81% go bhfágann TG4 Gaeilge níos áisiúla ná a fhágann meáin eile; creideann 75% go bhfágann TG4 an Ghaeilge níos tábhachtaí do shaol na linne seo; creideann 81% go gcuireann breathnú ar TG4 beocht sa Ghaeilge agus luaigh 78% go bhfágann breathnú ar TG4 tuiscint níos fearr acu ar chultúr na hÉireann. Is breá linn na torthaí seo a fheiceáil.

Earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha Gaeilge

Is foilsitheoir/craoltóir TG4 a fhaigheann mórchuid mhór den ábhar cláir ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge. B'ionann an caiteachas le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus €21.2m, an chuid is mó de sin le comhlachtaí a oibríonn trí Ghaeilge. I ndáil le caiteachas iomlán TG4 le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha, b'ionann an caiteachas ar chláir coimisiúnaithe amháin agus 51% den chaiteachas oibriúcháin iomlán sa bhliain 2015 agus níos mó ná 56% de na cistí poiblí. Is mór an sciar sin agus is maith an toradh é bliain ar tharla laghdú ar an maoiniú poiblí. Is iomaí tairbhe ó infheistíocht a dhéanamh in ábhar bunúsach Gaeilge le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha; cinntítear, ina measc, go mbíonn cláir shainiúla ar TG4 agus go gcuirtear bonn daingean faoi phostanna in earnáil na léiritheoirí Gaeilge le bonn treise á chur ag coimisiúin TG4 faoi bheagnach 300 post go díreach.

Tionchar Eacnamaíochta

B'ionann cion TG4 den ioncam náisiúnta i rith na bliana 2015 agus beagnach €66.4m, chomh maith leis an tionchar ar chúrsaí fostaíochta a ghabhann leis sin, i ndáil le 973 post. Is tábhachtach an tslat tomhais í seo ós léiriú atá ann ar leibhéal chaiteachas TG4 in Éirinn agus ar leibhéal an chaiteachais ar chláir coimisiúnaithe agus ar sheirbhísí in Éirinn seachas ar ábhar cláir ceannaithe agus ar sheirbhísí ar mhargaí thar lear. Léirítear freisin go raibh fiúntas níos airde ná €2 ag an eacnamaíocht in Éirinn as gach €1 a d'infheistigh TG4 i dtionscail chruthaitheachta i rith na bliana 2015. Tá buntáistí tábhachtacha ó thaobh cúrsaí airgeadais, fostaíochta agus cruthaitheachta le TG4 ag eacnamaíocht na hÉireann.

Cistíocht & Ioncam

B'ionann an maoiniú reatha poiblí a fuair TG4 don bhliain 2015 agus €32.43m. Ainneoin gur mhol an tÚdarás Craolacháin ardú ar an gcistíocht phoiblí tar éis athbhreithniú cúig bhliana a dhéanamh ar mhaoiniú na gcraoltóirí seirbhíse poiblí, laghdaíodh maoiniú reatha TG4 faoi €510k sa bhliain 2015, ísliú 1% i gcomparáid leis an mbliain 2014. Cistíocht phoiblí a bhí in 90.7% d'ioncam iomlán TG4 i rith na bliana 2015. Tháinig ísliú de bheagán ar an bhfógraíocht agus ar an urraíocht agus ar an ioncam tráchtála eile i rith na bliana i gcomórtas lenar thug TG4 isteach sa bhliain 2014 cé go rabhthas chun tosaigh ar na spriocanna a leagadh síos don bhliain 2015. Is tábhachtach an rud do TG4 an laghdú sin ar an ioncam tráchtála a athrú ó déantar an t-ábhar ar fad nach ábhar Gaeilge a mhaoiniú as an ioncam tráchtála agus feictear gur den riachtanas an t-ábhar sin maidir le héagsúlacht sa sceideal agus rátaí níos airde lucht féachana a thabhairt i gcrích.

A bhfuil i ndán i rith na bliana 2016

Beidh deacrachtaí suntasacha ag TG4 arís i rith na bliana 2016 agus an eagraíocht ag féachaint leis na móraidhmeanna straitéiseacha a thabhairt i gcrích. Is mór againn dá réir sin an t-ardú €300,000 ar an gcistíocht reatha agus an deontas speisialta do chláir comórtha i nGaeilge ar 1916 ós mór an chabhair a bheidh iontu sin do TG4 ag tabhairt faoi na dúshláin sin a shárú. Beidh ar chumas TG4 díriú ar mhéadú ar líon na n-uaireanta an chloig d'ábhar nua Gaeilge i rith na bliana 2016 agus cur freisin leis an gcaiteachas ar chláir nua Gaeilge ar coimsisiún ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Is maith an scéal sin do TG4 ag tabhairt faoin iomaíocht níos géire maidir le lucht féachana a tharraingt agus ioncam fógraíochta a ghnóthú. Is dea-scéal é freisin nuair is bliain chomh suntasach an bhliain 2016 ag TG4 agus ag an tír go léir. Beidh ceiliúradh á dhéanamh ag TG4 ar chothrom 20 bliain ó thráth a bhunaithe mar chraoltóir seirbhíse poiblí Gaeilge. Tá sin ag tarlú an bhliain chéanna a bhfuil comóradh an chéid á dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca 1916 agus ar Fhorógra na Saoirse. Beidh ceiliúradh á dhéanamh ag TG4 le cláir nua siamsúla Gaeilge i gcomóradh na n-ócáidí tábhachtacha sin. Beidh caiteachas beagnach €26.5m i gceist sa bhliain 2016 leis na gealltanais atá tugtha ag TG4 ó thaobh ábhair agus beidh níos mó ná 80% de sin á chaitheamh go díreach le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge anseo in Éirinn. Ar chláir agus ar ábhar Gaeilge a chaithfear beagnach 72% den chistíocht phoiblí a fhaigheann TG4 sa bhliain 2016 agus beidh infheistíocht shuntasach i gceist leis sin.

Buíochas

Bíonn daoine agus eagraíochtaí gach bliain ar mian liom buíochas a ghabháil leo as ucht tairbhe mhór a dhéanamh do TG4 ar bhealaí éagsúla.

Ba mhaith liom ar an gcéad dul síos buíochas a ghlacadh leis an Aire Alex White T.D. Is mór againn a dtugann sé de chúnamh agus an t-aitheantas maidir le tábhacht na hoibre a dhéanann TG4 tríd an gciste breise a cuireadh ar fáil do TG4 don bhliain 2016.

Ba mhaith liom fáilte a chur go foirmeálta roimh chomhaltaí nua a ceapadh ar an mBord i rith na bliana 2015 agus buíochas a ghlacadh le comhaltaí uile Bhord TG4 agus leis an gCathaoirleach, Siún Ní Raghallaigh. Is mór againn a ndúthracht leanúnach agus a ndíograis ar son TG4 i rith na bliana.

Glacann TG4 buíochas freisin le hÚdarás Craolacháin na hÉireann, le Bord Scannán na hÉireann, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann agus le RTÉ. Is mór againn go háirithe an cúnamh ó RTÉ trí 365 uair an chloig d'ábhar Gaeilge in aghaidh an bliana a chur ar fáil do sheirbhís TG4. Is iomaí eagraíocht eile a n-oibrítear i gcomhar leo chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn, níos mó ná a d'fhéadfaí a lua i ndiaidh a chéile anseo. Táthar buíoch díobh ar fad agus ag tnúth le hoibriú in éineacht leo arís i rith na bliana 2016.

Ba mhaith liom, mar fhocal scoir, buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe anseo in TG4. Bliain dhúshlánach a bhí arís eile inti agus ba mhaith liom an dua agus an díograis a chaith siad leis an rath a chur ar TG4 a thréaslú leo. Go raibh míle maith agaibh ar fad.

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

Rialachas Corparáideach

An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm

Ag a chruinniú a tionóladh i mí Iúil 2010, ghlac an Bord go foirmiúil an Cód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit mar a bhí eisithe ag an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2010.

Fuair an Bord nua teagasc faoi chód 2010 ag a chruinniú ionduchtúcháin i mBealtaine 2012 agus thug siad téarmaí an chóid dá n-aire.

Dhearbhaigh an Coiste Iniúchóireachta go raibh athbhreithniú déanta aige ar rialuithe airgeadais inmheánacha Theilifís na Gaeilge sa bhliain 2015. Ghlac an Bord leis sin agus tuairiscíodh amhlaidh i miontuairiscí chruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 21 Nollaig 2015.

Cuireadh treoir ar fáil do gach comhalta Boird chomh maith maidir leis na cóid iompair i gcúrsaí eitice agus go háirithe maidir lena bhfuil de fhreagracht orthu i ndáil leis an gcód iompair do chomhaltaí agus d'fhoireann Theilifís na Gaeilge.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe é Bord Theilifís na Gaeilge chun críche an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

Tá comhairle tugtha do chomhaltaí uile an Bhoird, ina gcáil mar shealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe, agus do gach duine den fhoireann a bhfuil post ainmnithe acu maidir lena n-oibleagáidí faoin reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí eitice agus tá treoir chuí tugtha dóibh ina leith.

Bainistiú Rioscaí

Ós rud é go n-aithnítear an tábhacht a ghabhann le bainistiú rioscaí, chuaigh an Bord i mbun athbhreithnithe iomláin ar rioscaí san eagraíocht sa bhliain 2015. Tíolacadh tuarascáil mheasúnaithe rioscaí don Bhord ag a chruinniú i mí na Nollag 2015. Ag an gcruinniú sin, ghlac an Bord leis na rioscaí ionchasacha agus leis na straitéisí maolaithe rioscaí de réir mar a bhí leagtha amach sa tuarascáil.

Aontaíodh, ina theannta sin, gur próiseas leanúnach é seo. Dá bhrí sin, déanfar an clár rioscaí a uasdátú le linn na bliana 2016 agus tíolacfar don Bhord é in am trátha.

Bhunaigh an Bord na coistí seo a leanas chun cabhrú leis le linn a ndualgais a chomhlíonadh:

An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luach Saothair agus an Coiste Digiteach. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe faoin roinn dar teideal Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile.

Áirítear na nithe seo a leanas i ról agus i bhfreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta:

- An plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain atá romhainn a aontú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón iniúchadh inmheánach maidir le héifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm moltaí.
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na cuideachta i gcomhthéacs chóras foriomlán na cuideachta maidir le bainistiú rioscaí.

Áirítear na nithe seo a leanas i ról agus i bhfreagrachtaí an Choiste Luach Saothair:

- An creat maidir leis an luach saothair d'Ardstiúrthóir na cuideachta agus do dhaoine eile de chuid an lucht bainistíochta feidhmiúcháin a shocrú agus a aontú leis an mBord.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ábharthacht an bheartais maidir le luach saothair faoi láthair.
- Ceadú scéimeanna pá a bhaineann le feidhmíocht agus atá á n-oibriú ag an gcuideachta agus ceadú na n-íocaíochtaí iomlána bliantúla a dhéantar faoi scéimeanna den sórt sin.
- Freagracht as roghnú aon sainchomhairleoirí luach saothair a thugann comhairle don chuideachta.

Díolaíochtaí le Stiúrthóirí

Chomhlíon TG4 na treoirlínte lena rialaítear íoc táillí le Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí Comhlachtaí Stáit, ar treoirlínte iad a d'eisigh an tAire Airgeadais i mí Iúil 1992. (Féach an tábla anseo thíos).

Bord TG4	Táillí €'000	Caiteachais €'000	Líon na gCruinnithe
Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)	–	–	8
Seosamh Ó Conghaile	12.6	1	6
Rónán Ó Coisdealbha *(Dáta críoch 18/1/2015)*	0.6	–	–
Concubhar Ó Liatháin *(Dáta críoch 28/9/2015)*	9.4	2	4
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	21.6	–	8
Andréa Ní Éalaithe	12.6	5	8
Des Geraghty	12.6	5	8
Mairéad Ní Cheóinín	12.6	2	8
Micheál Seoighe	12.6	1	8
Mairéad Nic Suibhne	–	3	3
Michelle Ní Chróinín	–	1	8
Diarmuid Ó Ruiséal	10.5	–	6
Bríd Ní Fhachtna (*Ceaptha 22/7/2015*)	5.7	2	3
Frank Reidy (*Ceaptha 29/9/2015*)	3.3	–	2
Caiteachais rúnaíochta & ilchaiteachais	–	3	
Táillí agus caiteachais chomhaltaí an Bhoird	**114.1**	**26**	

Ar an 31 Nollaig 2015, bhí 11 comhalta neamhfheidhmiúcháin ar an mBord mar aon le comhalta feidhmiúcháin amháin, is é sin, an tArdstiúrthóir.

Athbhreithniú Airgeadais 2015

Athbhreithnithe ar Ioncam agus ar Chaiteachas

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht TG4 maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana 2015 i dtéarmaí na bpríomhfhoinsí ioncaim agus na príomhbhealaí ina n-úsáidtear é, i dtéarmaí na nithe sin is príomhshiocair le costais ar an gcainéal agus i dtéarmaí na béime foriomláine ar chúrsaí éifeachtúlachta agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid san athbhreithniú freisin idir feidhmíocht TG4 i rith na bliana 2015 agus an fheidhmíocht sa bhliain 2014 faoi na 4 cheannteideal seo a leanas:

1. **Ioncam**
2. **Caiteachas Oibriúcháin**
3. **Rialú Costas agus Éifeachtúlacht sa bhliain 2015**
4. **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2015**

1. Ioncam

Mar is léir ó Thábla 1 thíos, ba é a bhí san ioncam iomlán (maoiniúchán reatha státchiste agus ioncam tráchtála) sa bhliain 2015 ná €35.6m (2014: €36.1m). I gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, tháinig laghdú 1.7% ar ioncam iomlán TG4. Ba é a bhí sa mhaoiniúchán reatha státchiste ná €32.24m (2014: €32.75m) den tsuim sin agus b'ionann é agus 90.7% (2014: 90.6%) d'ioncam iomlán TG4 agus ba é a bhí san ioncam tráchtála ná 9.3% sa bhliain 2015, is é sin, €3.3m (2014: €3.4m).

Tháinig laghdú 3% ar an ioncam tráchtála. Feidhmíocht mhaith a bhí ansin i dtimpeallacht a bhí dúshlánach.

Tábla 1: **Ioncam TG4 2015**

	2015		2014	
Tuairisc	**€'000**	**%**	**€'000**	**%**
Deontas-i-gcabhair	32,240	90.7%	32,750	90.6%
Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht)	1,893	5.3%	1,964	5.4%
Ioncam tráchtála eile	1,417	4%	1,435	4%
Ioncam iomlán	**35,550**	**100%**	**36,149**	**100%**

2. Caiteachas Oibriúcháin

I dtéarmaí an chaiteachais bhliantúil oibriúcháin, leag TG4 béim i gcónaí ar mhúnla oibriúcháin a oibríonn chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistiú costas chun luach ar airgead a chinntiú thar na gníomhaíochtaí go léir. Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán oibriúcháin sa bhliain 2015 ná €35.77m agus ba laghdú 1.32% ar chaiteachas na bliana 2014 (€36.24m). Féach Tábla 2 thíos.

Tábla 2: **Caiteachas Oibriúcháin TG4 2015 Vs 2014**

	€'000		% Change
	2015	2014	2015 vs 2014
Costas Díolachán	668	716	(6.7%)
Costais Foirne	5,621	5,507 **	2.07%
Caiteachas ar Chláir	24,065	24,386	(1.32%)
Caiteachas Eile (Forchostais, costais Tarchur-adóireachta agus costais Mhargaíochta san áireamh)	5,414	5,638	(3.97%)
Caiteachas Oibriúcháin Iomlán	**35,768**	**36,247**	**(1.32%)**

**arna n-athlua

3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht

Lean TG4 de bheith ag oibriú go héifeachtúil, go cost-éifeachtúil agus go stuama sa bhliain 2015. Baineadh amach sábháil airgid thar raon leathan ionad costais agus baineadh tuilleadh úsáide as acmhainní chun ábhar a sholáthar ar rátaí níos cost-éifeachtaí.

San iomlán, i gcomparáid leis an sprioc 1,684 n-uaire an chloig, chuir TG4 1752 n-uaire an chloig d'ábhar bunaidh Gaeilge ar fáil sa bhliain 2015.

4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2015

Mar a léirítear ina ghealltanais don bhliain, gheall TG4 70% ar a laghad dá mhaoiniúchán reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú. Mar a thaispeántar i dTábla 3 thíos, ba é a bhí sa chaiteachas iarbhír ná 75% den mhaoiniúchán Státchiste. Bhain na forchostais maidir le tarchur, craoladh agus cur chun cinn an sceideal agus na forchostais ghinearálta leis an 25% eile den mhaoiniúchán Státchiste sa bhliain 2015.

San iomlán, bhí laghdú ar leibhéil laethúla aschuir TG4 maidir le hábhair nua Gaeilge ó 4.99 uair an chloig go dtí 4.8 uair an chloig in aghaidh an lae.

Tábla 3: **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge**

	2015		2014	
Tuairisc	**€,000**	**%**	**€,000**	**%**
Maoiniúchán reatha Státchiste	32,240	100%	32,750	100%
Cláir Ghaeilge:				
Cláir choimisiúnaithe	18,699	58%	18,846	57.5%
Cláir a fuarthas/a dubáladh/a fotheidealaíodh	3,712	11.5%	4,410	13.5%
Costais foirne léiriúcháin (lena n-áirítear tuarastail)	1,768	5.5%	1,761	5.4%
Costais Iomlána Léirithe Ábhair Gaeilge	**24,179**	**75%**	**25,017**	**76%**

Ráitis Airgeadais

Clár

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird	32
Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach	33
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais	34
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	35
Ráiteas maidir le hIoncaim Cuimsitheach	36
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	37
Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghnáthscaireanna	38
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	39
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	40-51

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

9 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Theilifís na Gaeilge (TG4), admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a sholáthar go bhfuil sóc-mhainní á gcoimirciú, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go ndéanfaí iad a bhrath ar mhodh tráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nósanna imeachta ag leibhéal na bainistíochta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a choimirciú;
- An struchtúr eagrúcháin agus freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis na nithe sin, a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú chun tuairisciú a dhéanamh maidir le mainneachtainí suntasacha maidir le rialú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomhartha cuí ceartúcháin.

Tá próiseas curtha ar bun maidir le rioscaí gnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú, ar próiseas é ina n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá ann do TG4 a shainaithint, lena n-áirítear rangú a dhéanamh i leith na rioscaí suntasacha go léir;
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta agus ar chumas TG4 na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bpróiseas bainistithe rioscaí.

Tá plean teagmhais ag TG4 trína gcinnteofar leanúnachas na seirbhísí riachtanacha go léir i gcás ina dtarlaíonn briseadh ar sholáthar láithreach na seirbhísí sin.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat ina gcuimsítear eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a scaradh óna chéile, agus córas maidir le tarmligean agus cuntasacht. Go háirithe, áirítear an méid seo a leanas ann:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe ina gcuimsítear buiséad bliantúil, arna athbhreithniú agus arna cheadú ag an mBord;
- Athbhreithnithe rialta ón mBord Stiúrthóirí ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíocht de chineál eile a thomhas;
- Nósanna imeachta maidir le hinfheistíocht chaipitiúil a rialú
- Disciplíní bainistithe tionscadail.

Úsáideann TG4 foinsí allamuigh dá fheidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

Bíonn tionchar ag torthaí an phróisis bainistithe rioscaí ar an bplean iniúchta inmheánaigh bliantúil agus tá an plean sin ceaptha chun a dhaingniú go leanann na rialuithe inmheánacha a mbítear ag brath orthu de bheith ag oibriú i gcónaí.

Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an anailís rioscaí agus leis an bplean iniúchta inmheánaigh agus tagann an Coiste sin le chéile ar bhonn rialta, ach ní níos lú ná ceithre huaire in aghaidh na bliana, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha atá ullmhaithe ag feidhm an Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta go rialta don Bhord maidir leis na nithe atá breithnithe aige.

Maidir le hobair an Iniúchóra Inmheánaigh, is é sin, Coiste Iniúchóireachta an Bhoird féin agus na mbainisteoirí sinsearacha laistigh de TG4 a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, is cabhair í maidir leis an bhfaireachán agus maidir leis an athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn tionchar ag an obair sin ar an bhfaireachán agus ar an athbhreithniú sin.

Daingním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

9 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Teilifís na Gaeilge

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 faoin Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe, ráiteas ar ioncam cuimsitheach, ráiteas ar an staid airgeadais, ráiteas ar athruithe ghnáthscaireanna, ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 agus de réir chleachtais cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta.

Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Theilifís na Gaeilge, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léim tuarascáil bhliantúil Theilifís na Gaeilge chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas is cosúil atá mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair mé le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó aon eolas nach bhfuil ag teacht go hábhartha leis an eolas sin, a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2015; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir chleachtais cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta Theilifís na Gaeilge leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh go héasca ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuair mé fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil Theilifís na Gaeilge ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé le linn dom an t-iniúchadh a chur i gcrích, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur chomhlíon Teilifís na Gaeilge an Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má tá nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Conradh fostaíochta an Ard-Stiúrthóra

Leagtar amach i nota 5 gur chríochnaigh conradh fostaíochta an Ard-Stiúrthóra i leith an treimhse 2010-2014 ar an 31 Márta 2014. Tá idirbheartaíocht ag leanúint maidir lena thionacht.

Seamus Mac Cárthaigh

Seamus Mac Cárthaigh
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 arna n-athlua €'000
Díolacháin			
Ioncam tráchtála	4	3,310	3,399
Costas díolacháin	4	(668)	(716)
Glan Díolacháin		2,642	2,683
Caiteachas			
Costas foirne	5	5,621	5,507
Speansais agus costais chomhaltaí an Bhoird	6	140	121
Caiteachas clár	7	24,065	24,386
Costais tarchuir		1,629	1,732
Margaíocht agus taighde	8	1,693	1,689
Forchostais	9	1,923	2,067
Dímheas	11	2,345	2,251
Caiteachas Iomlán		37,416	37,753
Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain		(34,774)	(35,070)
Ús faighte agus ioncam chomhchosúil	10	–	17
Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta		–	–
		(34,774)	(35,053)
Maoiniú Stáit	13	34,745	34,972
Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		(29)	(81)
Cánachas	14	(2)	(3)
Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain		**(31)**	**(84)**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 28.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

9 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 arna n-athlua €'000
Easnamh coinnithe don bhliain airgeadais		(31)	(84)
Gnóthachain achtúireacht ar shócmhainní na scéime pinsin	**20**	60	3
Gnóthachain/(caillteanas) aitheanta iomlán don bhliain		29	(81)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1–28.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

9 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2015 €'000	2014 arna n-athlua €'000	2014 arna n-athlua €'000
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	**11**		7,117		8,414
Sócmhainní airgeadais	**23**		–		–
			7,117		8,414
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe	**15**	1,064		1,623	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	**16**	53		49	
		1,117		1,672	
Dliteanais Reatha					
Creidiúnaithe — méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	**17**	(1,737)		(2,228)	
Glan dliteanais reatha			(620)		(556)
Glan sócmhainní gan sócmhainn pinsin			6,497		7,858
Sócmhainn pinsin	**20**		81		42
Glan sócmhainní lena n-áiritear sócmhainn pinsin			**6,578**		**7,900**
Caipiteal agus Cúlchistí					
Deontais chaipitil	**12**		6,864		8,215
Cúlchiste pinsin	**18**		81		42
Cúlchiste ioncaim	**18**		(367)		(357)
			6,578		**7,900**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1–28.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

9 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghnáthscaireanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	Cúlchiste Pinsin €'000	Cúlchiste Ioncaim €'000	Iomlán Gnáthscaireanna €'000
2014 (Athluaite)			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	**45**	**(279)**	**(234)**
Brabach/(caillteanas) don bhliain	–	(84)	(84)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireachta	–	3	3
Cúlchiste pinsin	(3)	3	–
Gluaiseacht i gCaipiteal	–	–	–
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014	**42**	**(357)**	**(315)**
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015	**42**	**(357)**	**(315)**
Brabach/(caillteanas) don bhliain	–	(31)	(31)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireachta	60	–	60
Coigeartú sa chúlchiste pinsin	(21)	21	–
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015	**81**	**(367)**	**(286)**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1–28.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

9 Bealtaine 2016

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 arna n-athlua €'000
Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí		(29)	(81)
Dímheas		2,345	2,251
Amúchadh ar dheontais rialtais		(2,316)	(2,222)
Coigeartú ar shócmhainne pinsin		21	6
Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe		559	(296)
(Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe		(491)	318
Cánachas		(2)	(3)
Ús faighte		–	(10)
Airgid tirim ó oibriúcháin		**87**	**(37)**
Ús a íocadh		–	–
Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí		**87**	**(37)**
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Maoin, fearas agus trealaimh a ceannaíodh	**11**	(1,048)	(1,507)
Fáltais ó shócmhainní seasta a dhíol		–	–
Deontais caipitil Stáit	**12**	965	1,533
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		**(83)**	**26**
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais			
Ús bainc faighte		–	10
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais		**–**	**10**
Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim	**19**	**4**	**(1)**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1–28.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

9 Bealtaine 2016

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

1. **Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta**
Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

a) **Bunú Theilifís na Gaeilge**
Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

b) **Ráiteas Comhlíontachta**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirínn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Seo iad na chéad ráitis airgeadais ag Teilifís na Gaeilge a ullmhaíodh de réir FRS 102. An 1 Eanáir 2014 an dáta ar athraíodh go dtí FRS 102. Rinneadh athlua maidir le coigeartuithe ábhartha ar ráitis airgeadais na bliana roimhe sin nuair a glacadh le FRS 102 sa bhliain reatha. Tá a thoradh sin le feiceáil i Nóta 3.

c) **Breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**
D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna rátis airgeadais.

Lagú Maoine, Fearais agus Trealaimh: Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha lagú a mheas déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle ina bhfuil sreabhadh airgid inaitheanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha: Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Pinsin: Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim phinsin shochair shainithe do bheirt dá cuid fostaithe. Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rataí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsín agus ar phleananna iar-scoir.

Neamhchosaint ar Airgeadra Coigríche: Téann Teilifís na Gaeilge i mbun socruithe conartha chun soláthróirí a íoc in airgeadra nach é airgeadra an euro é. Coinníonn Teilifís na Gaeilge cuntas ar na hidirbheartaíochtaí seo de ghnáth de réir na rátaí airgeadra infheidhme ar dháta na híocaíochta. Téitear i mbun réamhchonarthaí mar chosaint ar luaineachtaí airgeadra. Bíonn na cúiseanna a rachfar i mbun conarthaí dá leithéid bunaithe ar na meastacháin is fearr ar rátaí malairte amach anseo agus ar chomhairle ghairmiúil a fháil.

d) **Aithint Ioncaim**
Ioncam Tráchtála: Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhálacha. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.
Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

e) **Caiteachas**

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil. Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chláir agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála. Déantar caiteachas ar chláir a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

f) **Deontais Stáit**

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail sonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaime an Údaráis a dhéantar maoiniú ar ghlan-chaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge. Aithnítear na deontais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais a bhaineann leis an bhliain ina bhfaightear an deontas nó infhála.

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail sonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaime an Údaráis a dhéantar maoiniú ar chaiteachas caipitil. Déantar amúchadh ar na deontais sin ar an mbonn céanna le laghdú a dhéanamh ar luach na sócmhainní bainteacha.

g) **Sócmhainní dochta inláimhsithe**

Déantar sócmhainní dochta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagaithe. Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn dhocht inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

	%
Foirgnimh	2.5
Trealamh	20
Fearais agus Feistis	10

Déantar costais fhorbartha bogearraí do mhór-chórais a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas gaolmhar trealaimh ón dáta feidhmithe.

h) **Sócmhainní airgeadais — infheistíocht i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited**

Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a infheistíochta i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais. Folaíonn Sócmhainní Dochta suim €1 i leith a hinfheistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin. Bunaíodh an chuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsmhar agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam nó aon chostais i leith an chomhfhiontair sin.

i) **Cánachas**

Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha. Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais, ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama, agus an méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Ní lascainítear cáin iarchurtha.

j) **Airgeadra coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus déantar aon ghnóchain nó aon chaillteanais dá bharr sin a chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

k)

Pinsin

Déanann Teilifís na Gaeilge ranníocaíochtaí i leith scéime ranníocaíochta sainmhínithe agus scéime sochair shainmhínithe.

An Scéim Ranníocaíochta Shainithe

Oibríonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta shainithe d'fhostaithe áirithe. Déantar íocaíochtaí leis an scéim a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

Scéim Sochair Shainithe

Oibríonn Teilifís na Gaeilge scéim sochair shainithe i leith beirte dá cuid oifigeach, is iad sin, an tArdstiúrthóir agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach. Maoinítear an scéim trí ranníocaíochtaí ó Theilifís na Gaeilge agus ó na hoifigigh lena mbaineann, agus déantar na ranníocaíochtaí sin a aistriú chuig ciste ar leithligh atá á riaradh ag iontaobhaithe.

Is é atá sa mhuirear pinsin sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais ná an costas reatha seirbhíse móide an difríocht idir an fáltas a bhfuiltear ag súil leis ó shócmhainní na scéime agus costas an úis a ghabhann le dliteanais na scéime. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireachta a éiríonn as athruithe ar thoimhdí achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh a bhí ann a shainaithint sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain inar tharla siad.

Déantar sócmhainní na scéime a thomhas de réir luacha chóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireachta trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Déantar barrachas nó easnamh i leith dhliteanais na scéime i gcomparáid le sócmhainní na scéime a chur i láthair sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais mar dhliteanas nó mar shócmhainn de réir mar a bheidh. Léiríonn an cúlchiste pinsin an barrachas maoiniúcháin i leith na scéime sochair shainithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

2. **Príomhghníomhaíocht**

Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.

3. **Athrú go dtí FRS 102**

Réiteach ar Chaipiteal agus ar Chúlchistí

	Nóta	Amhail 1 Eanáir 2014			
		Cúlchiste Pinsin €'000	Cúlchiste Ioncaim €'000	Caipiteal €'000	Iomlán €'000
Caipiteal agus cúlchistí mar a luaitear roimhe seo 1 Eanáir 2014		45	(160)	8,904	8,789
Saoire le pá fabhruithe	3(a)	–	(119)	–	(119)
Caipiteal & cúlchistí (arna n-athlua) 1 Eanáir 2014		45	(279)	8,904	8,670

	Nóta	Amhail 31 Nollaig 2014			
		Cúlchiste Pinsin €'000	Cúlchiste Ioncaim €'000	Caipiteal €'000	Iomlán €'000
Caipiteal agus cúlchistí mar a luaitear roimhe seo 31 Nollaig 2014		42	(194)	8,215	8,063
Saoire le pá fabhruithe	3(a)	–	(163)	–	(163)
Caipiteal & cúlchistí (arna n-athlua) 31 Nollaig 2014		42	(357)	8,215	7,900

Réiteach ar Bharrachas/(easnamh) don bhliain	Nóta	Don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2014 €'000
Easnamh don bhliain (mar a luadh roimhe seo)		(47)
Saoire le pá fabhruithe	3(a)	(44)
Scéim pinsin shochair shainithe	3(b)	7
Easnamh don bhliain (arna n-athlua)		(84)

Réiteach ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain	Nóta	Don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2014 €'000
Easnamh don bhliain (mar a luadh roimhe seo)		(47)
Coigeartuithe ar easnamh	3(a)(b)	(37)
Gnóthachan achtúireach mar a luadh roimhe seo		10
Scéim pinsin shochair shainithe	3(b)	(7)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain (athluaite)		(81)

Míreanna le Coigeartú

(a) Fabhrú ar Shaoire le pá

Níor fhabhraigh TG4 roimhe seo maidir le saoire le pá a thuill fostaithe ach nach raibh tógtha ar an dáta tuairiscithe. Faoi FRS 102, ní mór fabhruithe dá leithéid a bheith aitheanta sna ráitis airgeadais. Is é an tionchar a bhí ag an athrú sin ardú €119,000 ar fhabhruithe amhail dháta an athruithe (01/01/2014) agus €163,000 amhail an 31/12/2014.

Mhéadaigh an t-easnamh don bhliain €119,000 sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 agus €44,000 amhail an 31 Nollaig 2014.

(b) Scéim pinsin shochair shainithe

Faoi Chleachtas Cuntasaíochta a raibh glacadh leis roimhe seo in Éirinn d'aithin TG4 toradh ionchais ar shócmhainní an phlean sochair shainithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoi FRS 102 aithnítear glan-úschostas sa Ráiteas maidir le Ioncaim agus Caiteachais. Ní raibh aon athrú ar an tsóchmhainn pinsin shainnithe amhail an 1 Eanáir 2014 ná an 31 Nollaig 2014. Ba é tionchar an athraithe ná an t-easnamh den bhliain a ardú €7,000 agus an creidmheas chun an Ráitis maidir le hIoncam Cuimsitheach a ardú an méid céanna.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí		2015 €'000	2014 €'000
4.	**Glandíolacháin**		
	Ioncam Tráchtála		
	Díolachán am craolta agus urraíocht	1,893	1,964
	Muirear amach saoráidí	579	581
	Ioncam ilghnéitheach	838	854
		3,310	3,399
	Costas Díolacháin		
	Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta	379	388
	Costais dhíreacha	289	328
		668	716
	Glandíolacháin	2,642	2,683

5. Costais Foirne

Ba 80 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2014:83). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:

	2015 €'000	2014 arna n-athlua €'000
Pá agus tuarastail	4,612	4,542
Costais leasa shóisialaigh	513	502
Costais phinsin	553	524
Taisteal agus cothabháil	136	105
Oiliúint	55	39
Costais foirne eile	49	36
	5,918	5,748
Costais foirne caipitlithe	(180)	(241)
Costas foirne leithdháilte go dtí an scéim cartlainne (san áireamh i gcostais dubála agus costais eile)	(117)	–
Iomlán na gcostas foirne	5,621	5,507

Faoi Chostais Foirne Eile, sonraítear íocaíocht €26,250 (2014 - €24,750) don fhoireann ag eascairt as rialú ón gCoimisiúin um Chaidreamh Oibreachais. Faoi Chiorclán 13/2014 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, éilítear an líon fostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaíochta (gan costais pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe faoi gach banda de €10,000 ó €60,000 ar aghaidh a nochtadh, chomh maith le figúir foriomlán de na ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóra. De bhrí go bhfuil an t-eolas atá á lorg íogair ó thaobh na tráchtála, tá soiléiriú iarrtha ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an riachtanas ar TG4 é a fhoilsiú sna cuntais. Fad atáimid ag fanacht leis an soiléiriú, shocraigh Bord TG4, le cead na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, gan cloí leis an riachtanas. Tugtar faisnéis faoi bhandaí tuarastail sa Ráiteas bliantúil a sheolann Cathaoirleach Bhord TG4 chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Luach Saothair an Ardstiúrthóra		
Bunthuarastal	175	175
Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra	64	64
Sochair eile	4	3
	243	242

Tháinig deireadh le conradh fostaíochta an Ardstiúrthóra don tréimhse 2010 - 2014 ar an 31 Márta 2014. Tá idirbheartaíocht leanúnach idir an Bord, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an tArdstiúrthóir maidir lena thionacht.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

6. Costais an Bhoird

	2015 €'000	2014 €'000
Táillí (Nóta 21)	114	110
Taisteal agus cothbháil agus costais eile	26	11
	140	121

Cúitítear costais cothabhála agus taistil le baill an bhoird. €8,000 an cháin atá iníoctha ag Teilifís na Gaeilge maidir le costais dá leithéid.

7. Costais chlár

	2015 €'000	2014 €'000
Cláir a coimisiúnaíodh	18,699	18,846
Cláir a ceannaíodh	2,681	2,725
Costais dubála agus costais eile	2,685	2,815
	24,065	24,386

8. Margaíocht agus Taighde

	2015 €'000	2014 €'000
Fógraíocht agus margaíocht	1,564	1,550
Tomhais agus taighde ar an lucht féachana	125	135
Speansais comhairle an lucht féachana	4	4
	1,693	1,689

9. Forchostais

	2015 €'000	2014 €'000
Speansais áitrimh agus trealaimh	653	672
Speansais ghairmiúla agus airgeadais	235	308
Tobhach tionscail íoctha	551	564
Speansais ghinearálta agus oifige	484	523
	1 ,923	2 ,067

10. Ús faighte

	2015 €'000	2014 €'000
Ús ar na cuntais bainc (comhlán)	–	17

11. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Talamh agus Foirgnimh €'000	Trealamh €'000	Fearais agus feistis €'000	Iomlán €'000
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2015	7,717	22,617	654	30,988
Breisithe	3	1,029	16	1,048
Amhail an 31 Nollaig 2015	**7,720**	**23,646**	**670**	**32,036**
Dímheas Carntha				
Amhail an 1 Eanáir 2015	2,991	18,981	602	22,574
Muirear don bhliain	192	2,137	16	2,345
Amhail an 31 Nollaig 2015	**3,183**	**21,118**	**618**	**24,919**
Glanluach Leabhair				
Amhail an 31 Nollaig 2015	**4,537**	**2,528**	**52**	**7,117**
Amhail an 31 Nollaig 2014	**4,726**	**3,636**	**52**	**8,414**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
12.	**Deontais Chaipitil**	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Deontais Chaipitil faighte agus infhaighte		
	Iarmhéid tosaigh	19,646	18,113
	Deontais faighte le linn na bliana (Nóta 13)	965	1 ,533
	Iarmhéid deiridh	20,611	19,646
	Amúchadh		
	Iarmhéid tosaigh	11,431	9 ,209
	Amúchta le linn na bliana	2 ,316	2 ,222
	Iarmhéid deiridh	13,747	11,431
	Glanluach leabhair – deontais chaipitil	**6 ,864**	**8 ,215**
	Is ionann deontais chaipitil agus maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainni gaolmhara a dhímheas.		
13.	**Maoiniú Stáit**		
	Is ionann deontais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus maoinú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.		
	Maoiniú Stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Deontais faighte sa bhliain	32,429	32,750
	Deontais caipitil amúchta (Nóta 12)	2,316	2,222
		34,745	34,972
	Ba €33.394m an leithroinnt ar fad do 2015, comhdhéanta as:	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Deontais a fuarthas agus atá le fáil ón DCENR i ndáil le caiteachas reatha (Vóta 29 – Fo-Cheannteideal B5)	32,240	32,750
	Deontais a fuarthas agus atá le fáil ó Chiste Físe & Fuaime an BAI i ndáil le caiteachas reatha	189	–
	Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ón DCENR (Vóta 29 – Fo-Cheannteideal B5)	920	1,533
	Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ó Chiste Físe & Fuaime an BAI	45	–
	Iomlán faighte	33,394	34,283
14.	**Cáin ar Bhrabús ó Gnáthghníomhaíochtaí**	**2015 €'000**	**2014 €'000**
(a)	*Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain*		
	Muirear cháin chorparáide don bhliain	2	3
	Muirear ar bhlianta siar	–	–
		2	3
(b)	*Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana*		
	Tá an ráta éifeachtach cánach don bhlian níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(29)	(44)
	Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2014:12.5%).	(4)	(6)
	Éifeachtaí:		
	Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde	8	10
	Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímheas	(2)	(1)
	Caiteachas neamhasbhainte	–	–
		2	3

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

15. Féichiúnaithe

	2015 €'000	2014 €'000
Féichiúnaithe trádála	752	1,146
CBL inaisíoctha	100	292
Cáin corparáideach inaisíochta	–	4
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	212	181
	1,064	1,623

Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin.

16. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

	2015 €'000	2014 €'000
Airgead tirim ar láimh	1	2
Cuntais bhainc	52	47
	53	49

17. Creidiúnaithe – dlite laistigh de bhliain amháin

	2015 €'000	2014 arna n-athlua €'000
Creidiúnaithe trádála	221	649
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	1,441	1,509
Creidiúnaí ranníocaíochtaí pinsin	73	70
Cáin corparáideach iníochta	2	–
	1,737	2,228

18. Cúlchistí ioncaim (arna n-athlua)

	Cúlchiste Pinsin €'000	Cúlchiste Ioncam €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014	45	(279)	(234)
Easnamh coinnithe don bhliain	–	(84)	(84)
Gnóthachain/(caillteanas) achtúireachta	3	–	3
Coigeartú cúlchiste pinsin	(6)	6	–
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2014	42	(357)	(315)
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015	42	(357)	(315)
Easnamh coinnithe don bhliain	–	(31)	(31)
Gnóthachain/(caillteanas) achtúireachta	60	–	60
Coigeartú cúlchiste pinsin	(21)	21	–
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2015	81	(367)	(286)

19. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

	Iarmhéid tosaigh €'000	Sreabhadh Airgid €'000	Iarmhéid deiridh €'000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	2	(1)	1
Taiscí ghearrthéarmacha	47	5	52
	49	4	53

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí 20.	Pinsean		
a)	**Tuairisc ar an scéim**		
	Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim shochair shainithe agus scéim ranníocaíochtaí sainithe dá cuid fostaithe. Maoinítear na scéimeanna agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana:		
	Scéim ranníocaíochtaí shainithe	426	413
	Costas na scéime shocair shainithe (**Nóta 20 (g)**)	127	111
		553	524
	Déantar ranníocaíochta chuig an scéim shochair shainithe ag rátaí a mholann achtúirí cáilithe neamhspleácha.		
	An luacháil achtúireach iomlán is déanaí a hullmhaíodh amhail an 31 Nollaig 2015. Rinneadh na ríomha dliteanas agus costais trí úsáid a bhaint as sonraí ballraíochta a chuir riarthóirí na scéime ar fáil ag an dáta éifeachtach. Tá measúnú déanta ar na dliteanais agus na costais trí úsáid aonaid theilgthe.		
b)	**Bonn Túisceanna Airgeadais**		
	Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha amhail an 31 Nollaig 2015:	**2015**	**2014**
	Ráta lascaine	2.10%	1.80%
	Méadú ar innéascú praghsanna tomhaltais	2.25%	2.25%
	Méadú ar thuillimh inphinsin	3.75%	3.75%
	Méadú ar íocaíocht phinsin	3.75%	3.75%
	Díoradh aischur ionchais foriomlán ar shócmhainní na scéime mar mheánchostas ualaithe na n-aischur ionchais ar na catagóirí sócmhainní arna sealbhú ag na scéim ar dháta oscailte an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.		
c)	**Bonn Tuisceana Déimeagrafacha**		
	Cuirtear san áireamh sa mbonn mortlaíochta atá in úsáid anseo na feabhais in ionchais saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag an scor ar an mbliain ag ar bhain comhalta amach an aois scoir (aois 60 bliain). Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroichfeadh aois 60 bliain i 2015 agus 2014.		
		2015	**2014**
	Ionchas saoil – fireann	86.7	86.6
	Ionchas saoil – baineann	88.4	88.3

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
d)	**Athrú ar dhualgais sochair**	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Luach reatha dualgas na scéime ag tús na bliana	1,130	783
	Costas seirbhíse reatha	145	131
	Costas úis	23	29
	(Gnóthachan)/caillteanas achtúireachta	(68)	187
	Luach reatha dualgas na scéime ag deireadh na bliana	1,230	1,130
e)	**Athrú ar shócmhainní scéime**	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Luach cóir ar shócmhainní scéime ag tús na bliana	1,172	828
	Aischur ionchais ar shócmhainní scéime	22	30
	Gnóthachan/(caillteanas) achtúireachta	(8)	190
	Ranníocaíochtaí fostóra	106	105
	Ranníocaíochtaí comhaltaí	19	19
	Luach cóir ar shócmhainní scéime ag deireadh na bliana	1,311	1,172
f)	**Méideanna aitheanta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais**	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Luach reatha dualgais maoinithe	(1,230)	(1,130)
	Luach cóir ar shócmhainní scéime	1,311	1,172
	Glan-sócmhainn	81	42
g)	**Costais phinsin**	**2015 €'000**	**2014 €'000**
	Costas seirbhíse reatha	145	124
	Costas úis	23	29
	Aischur ionchais ar shócmhainní scéime	(22)	(23)
	Ranníocaíochtaí comhaltaí	(19)	(19)
	Iomlán	127	111
h)	Ba é an ghlan-ghnóthachain achtúirigh a aithníodh sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 agus €60,000 (2014:€3,000).		
i)	**Ranníocaíochtaí** Luach reatha dualgas na scéime ag tús na bliana Tá súil ag an mBord €108,000 a ranníoc lena scéim i 2016.		

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

21. **Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna**

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

Stiúrthóir/Rúnaí	2015 €'000	2014 €'000
Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)	–	–
Seosamh Ó Conghaile	12.6	12.6
Rónán Ó Coisdealbha	0.6	12.6
Concubhar Ó Liatháin	9.4	12.6
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	21.6	21.6
Andréa Ní Éalaithe	12.6	12.6
Des Geraghty	12.6	12.6
Mairéad Ní Cheóinín	12.6	12.6
Micheál Seoighe	12.6	12.6
Mairéad Nic Suibhne	–	–
Michelle Ní Chróinín	–	–
Diarmuid Ó Ruiséal	10.5	–
Bríd Ní Fhachtna	5.7	–
Frank Reidy	3.3	–
Pádhraic Ó Ciardha (Rúnaí an Bhoird)	–	–
Mary Uí Chadhain (Rúnaí)	–	–
	114.1	109.8

Costais €26,000 a bhain le baill an Bhoird i 2015, (2014:€11,000) le haghaidh: taisteal intíre €17,000 (2014:€7,000), cothbháil €6,000 (2014:€2,000) agus costaisí eile (rúnaíocht, siamsaíocht agus traenáil san áireamh) €3,000 (2014: €2,000). Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

22. **Áitreamh**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as aitreamh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe. Tá úinéaracht ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an áitreamh i mBaile na hAbhann agus tá an oifig i mBaile Átha Cliath ar chíos faoi cheadúnas ar feadh téarma trí bliana a thosaigh ar an 24 Samhain 2013 ag muirear bliantúil cíosa de €23.5k.

23. **Sócmhainní Airgeadais**

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh TG4 agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfhiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le TG4, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá ceann in úinéireacht RTE agus ceann in úinéireacht TG4. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh gur seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSN. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

24. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin

Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas:

	2015 €'000	2014 €'000
Conraithe ach ní raibh soláthar déanta i leith amhail deireadh na bliana.	18,541	25,203

25. Tiomantais

Tá tiomantais chaipitil ag Teililís na Gaeilge mar seo a leanas::

	2015 €'000	2014 €'000
Conraithe ach ní raibh soláthar déanta i leith amhail deireadh na bliana.	148	167

26. Idirbheartaíocht RTÉ

Fuair Teilifís na Gaeilge 365 uair (2014:365) de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015.

27. Neamhchosaint Airgeadra Coigríche

Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo i 2015 ná $800,000 (2014:$0). Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2014: $0).

28. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 9 Bealtaine 2016.